European Asylum Support Office

# Tuarascáil Ghinearálta Bhliantúil EASO 2015




Meitheamh 2016

SUPPORT IS OUR MISSION

European Asylum Support Office

# Tuarascáil Ghinearálta Bhliantúil EASO 2015

Meitheamh 2016

SUPPORT IS OUR MISSION

***Seirbhís is ea Europe Direct a chabhróidh leat freagraí a fháil ar do cheisteanna maidir leis an Aontas Eorpach.***

**Uimhir shaorghlao (*):**

**00 800 6 7 8 9 10 11**

(*) Ní cheadaíonn oibritheoirí áirithe fón póca rochtain ar uimhreacha 00 800 nó d'fhéadfadh go ngearrfaí táillí i leith glaonna den sórt sin.

Ghlac an Bord Bainistíochta an tuarascáil seo an 6 Meitheamh 2016.

Tá tuilleadh faisnéise faoin Aontas Eorpach ar fáil ar an Idirlíon (http://europa.eu).

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Print | ISBN 978-92-9494-010-0 | ISSN 2467-3501 | doi:10.2847/371787 | BZ-AD-16-001-GA-C |
| PDF | ISBN 978-92-9494-033-9 | ISSN 2314-9825 | doi:10.2847/019583 | BZ-AD-16-001-GA-N |

© An Oifig Tacaíochta Eorpach do Chúrsaí Tearmainn, 2016

Níl EASO ná aon duine a ghníomhaíonn thar a cheann freagrach as aon úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an bhfaisnéis atá istigh anseo.

# Clár Ábhair

**Liosta giorrúchán** ........ **4**
**Réamhrá** ........ **5**
**Achoimre Fheidhmeach** ........ **6**
**1. Forbhreathnú ar an mbliain: forbairtí ábhartha sa bhliain 2015** ........ **8**
**2. Tosaíochtaí EASO sa bhliain 2015** ........ **9**
**3. Tacaíocht bhuan** ........ **10**
*3.1. Oiliúint EASO* ........ *10*
*3.2. Tacaíocht cháilíochta* ........ *11*
*3.3. Faisnéis faoin tír thionscnaimh (COI)* ........ *12*
*3.4. Cláir shonracha* ........ *13*
3.4.1. Comhar le comhaltaí na gcúirteanna agus na mbinsí ........ 13
3.4.2. Gníomhaíochtaí EASO um leanaí, lena n-áirítear mionaoisigh gan tionlacan ........ 14
3.4.3. Gáinneáil ar dhaoine (THB) ........ 14
3.4.4. Bailiú faisnéise ar an bhfeiniméan a bhaineann le gluaiseachtaí tánaisteacha a éascú le linn an nós imeachta um chinntí tearmainn ........ 15
*3.5. Liosta EASO de na teangacha a bhfuil fáil orthu* ........ *15*
**4. Tacaíocht oibríochta** ........ **16**
*4.1. An Díorma um Idirghabháil Tearmainn* ........ *16*
*4.2. Tacaíocht Oibríochta* ........ *17*
4.2.1. Príomhthorthaí EASO sa bhliain 2015 ........ 17
4.2.2. Tacaíocht éigeandála ........ 19
*4.3. Athlonnú* ........ *20*
*4.4. Gníomhaíochtaí comhphróiseála* ........ *21*
*4.5. Sineirgí idir an tearmann agus an imirce* ........ *21*
*4.6. Glacadh agus imeascadh* ........ *21*
**5. Tacaíocht faisnéise agus anailíse** ........ **22**
*5.1. Córas Faisnéise agus Cáipéisíochta* ........ *22*
*5.2. An Tuarascáil Bhliantúil ar Staid an Tearmainn in AE 2014* ........ *22*
*5.3. Córas Luathrabhaidh agus Ullmhachta (EPS)* ........ *23*
**6. Tacaíocht tríú tír** ........ **25**
*6.1. An ghné sheachtrach* ........ *25*
*6.2. Athshocrú* ........ *26*
**7. Creat, líonra agus eagrú EASO** ........ **28**
*7.1. Bord Bainistíochta* ........ *28*
*7.2. Líonra comhair EASO* ........ *28*
7.2.1. Comhar le Parlaimint na hEorpa, le Comhairle an Aontais Eorpaigh agus leis an gCoimisiún Eorpach ........ 28
7.2.2. Comhar le UNHCR agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta eile ........ 29
7.2.3. Comhar le gníomhaireachtaí AE agus le gníomhaireachtaí Ceartais agus Gnóthaí Baile (CGB) ........ 30
*7.3. An Fóram Comhchomhairleach* ........ *30*
*7.4. Cumarsáid* ........ *31*
*7.5. Bainistíocht acmhainní* ........ *31*
*7.6. Meastóireacht sheachtrach EASO* ........ *33*
**8. Iarscríbhinní** ........ **34**
*8.1. Feidhmiú buiséid agus tuarascáil airgeadais* ........ *34*
8.1.1. Feidhmiú buiséid na leithreasuithe ceangaltais de réir foinse ciste ........ 34
8.1.2. EFeidhmiú buiséid na leithreasuithe íocaíochta de réir foinse ciste ........ 35
*8.2. Miondealú ar fhoireann EASO* ........ *36*

# Liosta giorrúchán

| | |
|---|---|
| **26 Stát AE+** | 24 Bhallstát AE + an Iorua agus an Eilvéis |
| **AE** | An tAontas Eorpach |
| **AIP** | An Díorma um Idirghabháil Tearmainn |
| **APD** | An Treoir maidir le Nósanna Imeachta Tearmainn |
| **AST** | Foireann Tacaíochta Tearmainn |
| **CEAS** | An Comhchóras Eorpach Tearmainn |
| **CEPOL** | An Coláiste Eorpach Póilíneachta |
| **CGB** | Ceartas agus Gnóthaí Baile |
| **COI** | Faisnéis faoin Tír Thionscnaimh |
| **EASO** | An Oifig Tacaíochta Eorpach do Chúrsaí Tearmainn |
| **EMN** | Gréasán Imirce na hEorpa |
| **EMN REG** | Grúpa Saineolaithe Fillte Ghréasán Imirce na hEorpa |
| **ENAC** | Líonra EASO um Ghníomhaíochtaí ar Leanaí |
| **ENP** | Comharsanacht agus Comhpháirtíocht Eorpach |
| **ENPI** | An Ionstraim Eorpach um Chomharsanacht agus um Chomhpháirtíocht |
| **EPRA** | Ardán Eorpach na nGníomhaireachtaí um Ghlacadh |
| **EPS** | Córas Luathrabhaidh agus Ullmhachta |
| **eu-LISA** | An Ghníomhaireacht Eorpach um Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais |
| **EUROJUST** | Aonad an Aontais Eorpaigh um Chomhar Breithiúnach |
| **EUROPOL** | An Oifig Eorpach Póilíní |
| **FRA** | Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha |
| **Frontex** | An Ghníomhaireacht Eorpach chun Comhar Oibríochtúil a Bhainistiú ag Teorainneacha Seachtracha Bhallstáit an Aontais Eorpaigh |
| **GDISC** | Comhdháil Ard-Stiúrthóirí na Seirbhísí Inimirce |
| **GPS** | An Grúpa um Sholáthar Staidrimh HOP Plean Oibriúcháin Teophointí |
| | HROP Plean Oibriúcháin Athlonnaithe Teophointí |
| **IARLJ** | Cumann Idirnáisiúnta na mBreithiúna Dlí Dídeanaithe |
| **IAS** | An tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach |
| **IDS** | Córas Faisnéise agus Cáipéisíochta |
| **IGC** | Comhairliúcháin Idir-Rialtasacha ar Imirce, Tearmann agus Dídeanaithe |
| **IOM** | An Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce |
| **LGB** | Daoine leispiacha, aeracha agus déghnéasacha |
| **NCP** | Pointe teagmhála náisiúnta |
| **NCPI** | Pointí teagmhála náisiúnta ar imeascadh |
| **RDPP** | Clár um Fhorbairt agus Chosaint Réigiúnach |
| **SSP** | Plean tacaíochta speisialta |
| | TFC Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide |
| **THB** | Gáinneáil ar dhaoine |
| **UNHCR** | Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe |

# Réamhrá

Liostaítear i d***Tuarascáil ghinearálta bhliantúil EASO*** éachtaí na Gníomhaireachta agus na hacmhainní ar bhain sí leas astu sa bhliain 2015. Cuirtear síos ar na héachtaí agus ar na hacmhainní sin sa tuarascáil freisin. Tá leagan amach na tuarascála seo cosúil le leagan amach Chlár Oibre Bliantúil EASO 2015 agus tugtar mionchuntas inti ar an dul chun cinn a rinneadh sa bhliain i gcoinne na gcuspóirí agus na dtáscairí feidhmíochta a sainaithníodh sa chlár oibre bliantúil sin.

Tá faisnéis thábhachtach sa tuarascáil seo freisin faoin dóigh a n-eagraítear EASO, faoina chuid foilseachán agus faoin dóigh a mbainistítear a chuid acmhainní daonna agus airgeadais.

Ullmhaíodh an tuarascáil ghinearálta bhliantúil de réir Airteagal 29(1)(c) den Rialachán lena mbunaítear Oifig Eorpach Tacaíochta do Chúrsaí Tearmainn (Rialachán EASO). Ghlac Bord Bainistíochta EASO í an 6-7 Meitheamh 2016. Seolfar an tuarascáil ghinearálta bhliantúil chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún, an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach san áireamh, agus chuig an gCúirt Iniúchóirí tráth nach déanaí ná an 15 Meitheamh 2016. Cáipéis phoiblí is ea an tuarascáil ghinearálta bhliantúil agus aistríodh í go gach teanga oifigiúil de chuid AE.

Ar aon dul leis an gCumarsáid maidir leis na treoirlínte don cháipéis clársceidealaithe le haghaidh gníomhaireachtaí díláraithe (C(2014)9641) an 16 Nollaig 2014, rinne EASO ***Tuarascáil Chomhdhlúite Bhliantúil ar Ghníomhaíochtaí 2015*** a dhréachtú freisin sa bhliain 2015 de réir na gceanglas nua tuairiscithe a bunaíodh leis an Rialachán Réime Airgeadais (Airteagal 47). Cuimsítear sa Tuarascáil Chomhdhlúite Bhliantúil ar Ghníomhaíochtaí ráiteas dearbhaithe ón Stiúrthóir Feidhmiúcháin ina luaitear go gcuirtear léargas fíorcheart san fhaisnéis atá sa tuarascáil ar cé acu a úsáideadh nó nár úsáideadh na hacmhainní a sannadh do na gníomhaíochtaí chun na críche beartaithe i gcomhréir le prionsabal na bainistíochta fónta airgeadais agus ina luaitear go dtugtar leis na rialuithe a cuireadh i bhfeidhm na ráthaíochtaí riachtanacha maidir le dlíthiúlacht agus le rialtacht na mbun-idirbheart. Cuimsítear sa Tuarascáil freisin na cuntais deiridh don bhliain 2015; tuarascálacha fairsinge maidir le bainistiú buiséid agus airgeadais; faisnéis faoi na rialuithe inmheánacha ar fhorbair an Ghníomhaireacht iad; faisnéis faoi na hiniúchtaí inmheánacha agus seachtracha a rinneadh le linn na bliana atá i gceist; agus faisnéis faoi rochtain ar cháipéisí agus ar fhoilseacháin ó EASO.

Is bunaithe ar an Tuarascáil ghinearálta bhliantúil atá Cuid I (Éachtaí Beartais) den Tuarascáil chomhdhlúite bhliantúil ar ghníomhaíochtaí EASO.

In éineacht leis an measúnú ó Bhord Bainistíochta EASO, déanfar an Tuarascáil chomhdhlúite bhliantúil ar ghníomhaíochtaí a sheoladh chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún, an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach san áireamh, agus chuig an gCúirt Iniúchóirí tráth nach déanaí ná an 1 Iúil 2016.



# Achoimre Fheidhmeach

Is féidir na gníomhaíochtaí a chuir EASO chun feidhme sa bhliain 2015 a roinnt ina gcúig réimse fócais, is iad sin: **tacaíocht bhuan, tacaíocht speisialta, tacaíocht éigeandála, tacaíocht faisnéise agus anailíse, agus tacaíocht tríú tír**.

Maidir lena gníomhaíochtaí **tacaíochta buaine**, sholáthair EASO 23 seisiún oiliúna don oiliúnóir a raibh 275 oiliúnóir as 26 Stát AE+ páirteach iontu; d'eagraigh sí 8 seisiún réigiúnacha oiliúna; d'fhorbair sí 2 mhodúl nua oiliúna agus nuashonraigh sí 3 mhodúl eile; d'fhorbair sí 3 lámhleabhar oiliúna agus Tuarascáil bhliantúil oiliúna bunaithe ar an gcró oiliúna; d'eagraigh sí an Seimineár Teagascach Bliantúil agus 1 chruinniú de chuid na bPointí Teagmhála Náisiúnta; agus sheol sí an próiseas soláthair le haghaidh Córais nua Bhainistíochta Foghlama.

Áiríodh iad seo a leanas leis an obair a rinne EASO ar cháilíocht próiseas agus cinntí tearmainn sa bhliain: léarscáiliú téamach ar nós imeachta Bhaile Átha Cliath; nós imeachta achomhairc; freagairt phraiticiúil do chásanna ardphlódaithe isteach; tuarascálacha téamacha a fhorbairt maidir le rochtain ar nós imeachta; nósanna imeachta speisialta; daoine a bhfuil riachtanais speisialta acu a shainaithint; nós imeachta Bhaile Átha Cliath; agus nós imeachta achomhairc; chomh maith leis sin, cuireadh treoracha praiticiúla le chéile ar na hábhair seo a leanas: an t-agallamh pearsanta; measúnú fianaise; Airteagal 15(c) den Treoir maidir le cáilíochtaí a chur chun feidhme; daoine a bhfuil riachtanais speisialta acu a shainaithint; agus rochtain ar nós imeachta d'oifigigh chéadteagmhála. D'eagraigh EASO an cruinniú bliantúil de chuid na bpointí teagmhála náisiúnta ar cháilíocht freisin. Chomh maith leis sin, rinne EASO a chuid comhair le comhaltaí de Chúirteanna agus de Bhinsí a neartú arís eile trí chomhdháil bhliantúil agus 4 imeacht a eagrú, lenar áiríodh ceann amháin a bhí ar siúl i Lucsamburg, agus trí fhorbairt a dhéanamh ar uirlis phraiticiúil maidir le hEisiamh, le tús eolais ar an gComhchóras Eorpach Tearmainn, agus le cáiliú do chosaint idirnáisiúnta. Maidir le gáinneáil ar dhaoine (THB), d'eagraigh EASO 2 shainchruinniú agus thosaigh sé ar uirlis oiliúna a fhorbairt ar chúrsaí THB.

Eagraíodh comhdháil comhair phraiticiúil de chuid EASO ar mhionaoisigh gan tionlacan, mar aon le 2 chruinniú théamacha ar an ábhar. Chomh maith leis sin, tá treoir phraiticiúil ar rianú teaghlaigh á tabhairt chun críche faoi láthair. Seoladh líonra EASO um Ghníomhaíochtaí ar Leanaí (ENAC).

Maidir le Faisnéis faoin Tír Thionscnaimh (COI), rinne EASO tuilleadh forbartha ar an tairseach COI lenar cuireadh thart ar 17 000 cáipéis ar fáil do 610 úsáideoir gníomhach sa bhliain; chruthaigh sé 2 cheann nua de líonraí COI ar an Eiritré agus ar an Úcráin, a fhágann go bhfuil 9 líonra san iomlán ann anois; d'eagraigh sé 4 chruinniú comhair phraiticiúil, 1 chruinniú de chuid Riarthóirí Náisiúnta na Comhthairsí, 2 chruinniú de chuid an Líonra Straitéisigh COI agus 2 sheimineár oiliúna; agus phróiseáil sé 7 gceist ar chúrsaí COI. Ina theannta sin, d'ullmhaigh EASO 7 gcinn de thuarascálacha COI (tuarascáil ar an staid slándála san Afganastáin agus nuashonrú ar an tuarascáil sin; tuarascáil fócais ar an Eiritré; tuarascálacha ar an bPacastáin, ar an Nigéir agus ar Chónaidhm na Rúise; agus tuarascáil ar an staid slándála sa tSomáil) agus treoir ar chúrsaí COI agus LGB. D'ullmhaigh sé Treoir inmheánach tagartha do Thuarascálacha COI freisin.

Cuireadh **tacaíocht speisialta** ar fáil don Iodáil, don Ghréig, don Chipir agus don Bhulgáir. D'eagraigh EASO roinnt cruinnithe comhair phraiticiúil ar uirlisí a bhaineann le tacaíocht a chur ar fáil, le pleanáil theagmhasach, le hathlonnú agus le glacadh.

Agus é ag obair i gcomhar le geallsealbhóirí eile, chuir EASO na treoirthionscadail chomhphróiseála dara céim chun feidhme (an treoirthionscadal um iarratais ar thearmann, an treoirthionscadal um chinntí tearmainn agus an treoirthionscadal um measúnú leochaileachta); thug sé lámhleabhar ar ghníomhaíochtaí comhphróiseála chun críche; agus d'eagraigh sé ceardlann phraiticiúil le saineolaithe a bhíonn páirteach sna treoirthionscadail.

Chuir EASO **tacaíocht éigeandála** ar fáil don Ghréig agus don Iodáil faoi chuimsiú chreat na dteophointí. D'eagraigh EASO 2 chruinniú de chuid Phointí Teagmhála Náisiúnta an Díorma um Idirghabháil Tearmainn. Tá EASO ag tacú le clár Athlonnaithe AE d'iarrthóirí tearmainn as an Iodáil agus as an nGréig ó mhí Mheán Fómhair 2015 i leith.

Maidir le **tacaíocht faisnéise agus anailíse**, ba ar staid an tearmainn in AE a d'fhoilsigh EASO an Tuarascáil Bhliantúil uaithi don bhliain 2014, rud a chuimsigh ionchur ó gheallsealbhóirí éagsúla. Anuas air sin, d'fhoilsigh EASO 4 thuairisc ráithiúla ar thearmann, 12 léargas mhíosúla, 12 thuairisc sheachtainiúla forbhreathnaithe agus 6 thuarascáil *ad hoc*. Ina theannta sin, d'eagraigh EASO 3 chruinniú leis an nGrúpa um Sholáthar Staidrimh (GPS); chuir sé céim II dá Córas Luathrabhaidh agus Ullmhachta (EPS) chun feidhme ina hiomláine; agus d'fhorbair sé togra le haghaidh chéim III den EPS, rud a cuireadh faoi bhráid an Bhoird Bhainistíochta i mí an Mheithimh. Chuathas i mbun bailiú sonraí le haghaidh chéim III den chéad uair an 15 Meán Fómhair 2015. Chomh maith leis sin, d'fhoilsigh EASO tuarascáil dar teideal "Description of the Hungarian Asylum System" ("Cur Síos ar Chóras Tearmainn na hUngáire") i mí an Mheithimh 2015.

Maidir le **tacaíocht tríú tír**, lean EASO ar aghaidh lena Straitéis Gné Seachtraí a chur chun feidhme, go háirithe trí thionscadal de chuid na hIonstraime Eorpaí um Chomharsanacht agus um Chomhpháirtíocht (ENPI) a chur chun feidhme leis an Iordáin, leis an Túinéis agus le Maracó. Chuir EASO Líonra Gné Seachtraí ar bun agus d'eagraigh sé 3 chruinniú comhair phraiticiúil agus 14 ghníomhaíocht faoin tionscadal de chuid ENPI. Ghlac EASO páirt i roinnt cruinnithe de chuid na gClár um Fhorbairt agus Chosaint Réigiúnach. D'eagraigh EASO ceardlann ar athshocrú an 2 Deireadh Fómhair 2015, rud inar díríodh ar thíortha nua athshocraithe.

Maidir le h**eagrú EASO agus lena chomhar le geallsealbhóirí**, d'eagraigh EASO 3 chruinniú de chuid an Bhoird Bainistíochta; thionóil sé an 5ú cruinniú de chuid an Fhóraim Chomhchomhairligh; agus chuaigh sé i gcomhairle leis an tsochaí shibhialta ar roinnt ábhar éagsúil.

D'eagraigh EASO comhdháil dar teideal "5 bliana EASO agus an Chomhchórais Eorpaigh Tearmainn: torthaí agus tuairimí" chomh maith an 23 Meán Fómhair. Thug roinnt cainteoirí ardphróifíle aitheasc ag an gcomhdháil, lenar áiríodh Dolores Cristina, a hOirirceas, Uachtarán Gníomhach Mhálta; an Ró-Onórach Jean Lambert FPE; an tUas. Antonio Vitorino, Coimisinéir Eorpach um Cheartas agus Gnóthaí Baile (1999-2004); an Dr Volker Türk, Ard-Choimisinéir Cúnta um Chosaint, UNHCR; an Dr Demetrios G. Papademetriou, Comhalta Sinsearach Oirirc agus Uachtarán Emeritus, Uachtarán na hInstitiúide um Beartas Imirce (MPI), MPI Europe. Ghlac breis agus 200 duine páirt sa chomhdháil — ionadaithe do na Ballstáit, ionadaithe d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus acadóirí ina measc.

Eagraíodh roinnt cuairteanna ardleibhéil, lenar áiríodh cuairt ó Dimitris Avramopoulos, an Coimisinéir Eorpach um Imirce, Gnóthaí Baile agus Saoránacht, agus cuairt ón Uas. Lamberto Zannier, Ard-Rúnaí na hEagraíochta um Shlándáil agus Comhar san Eoraip (OSCE). Ina theannta sin, d'éirigh le EASO a chumarsáid inmheánach agus sheachtrach araon a neartú go suntasach: eisíodh preaseisiúintí agus nuachtlitreacha go rialta agus eagraíodh lá faisnéise EASO an 19 Meitheamh 2015 i mBallstáit agus i bParlaimint na hEorpa. D'eagraigh EASO 5 Chomhchruinniú de chuid an Choiste Teagmhála i gcomhpháirt leis an gCoimisiún Eorpach. Sa deireadh, cuireadh meastóireacht sheachtrach EASO i gcrích agus foilsíodh an tuarascáil ina leith i mí na Nollag 2015.

| Príomhthorthaí EASO sa bhliain 2015 |
|---|
| Eagraíodh 117 gcinn de chruinnithe agus de cheardlanna |
| Cuireadh oiliúint i gCuraclam Oiliúna EASO ar 3 764 ball foirne náisiúnta |
| Forbraíodh 2 mhodúl nua oiliúna |
| Nuashonraíodh 3 mhodúl oiliúna |
| Athlonnaíodh 272 duine |
| Chuathas i gcomhairle le breis agus 100 ceann d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta |
| Cuireadh céim III den EPS chun feidhme ina hiomláine |
| Reáchtáladh 3 threoirthionscadal dara céim um chomhphróiseáil agus 1 threoirthionscadal um bailiú faisnéise ar an bhfeiniméan a bhaineann le gluaiseachtaí a éascú le linn an phróisis um chinntí tearmainn |
| 4 phlean tacaíochta oibríochta |
| 34 fhoilseachán |
| Reáchtáladh 9 líonra COI agus foilsíodh 4 thuarascáil COI |
| Próiseáladh 18 gceist ar bheartais agus 7 gceist ar chúrsaí COI |
| Bhí 500 000 amharc ann ar shuíomh gréasáin EASO |
| Eagraíodh 5 Chomhchruinniú de chuid an Choiste Teagmhála i gcomhpháirt leis an gCoimisiún Eorpach |



Comhdháil "5 Bliana EASO agus an Chomhchórais Eorpaigh Tearmainn".

# 1. Forbhreathnú ar an mbliain: forbairtí ábhartha sa bhliain 2015

Fuarthas breis agus 1 392 155 iarratas ar chosaint idirnáisiúnta in AE+ sa bhliain 2015. Ní hé amháin go raibh an figiúr sin ar an líon ab airde riamh, agus bhí sé ar an méadú ba ghéire bliain ar bhliain a bhí ann ó tosaíodh ar shonraí a bhailiú ar leibhéal AE sa bhliain 2008 freisin.

I ndiaidh na n-eachtraí tragóideacha a bhí ann i réigiún na Meánmhara le déanaí, chuir Dimitris Avramopoulos, an Coimisinéir um Imirce, Gnóthaí Baile agus Saoránacht, plean 10 bpointe i láthair ag comhchruinniú de chuid na nAirí Gnóthaí Eachtracha agus Baile an 20 Aibreán 2015. Leagadh amach sa phlean na bearta láithreacha a dhéanfaí chun freagairt don ghéarchéim i réigiún na Meánmhara. D'eisigh an Chomhairle Eorpach ráiteas an 23 Aibreán 2015 ([1]) inar leagadh amach bearta éagsúla, ar bhain roinnt díobh le EASO, arbh é ab aidhm dóibh tuilleadh básanna duine ar muir a chosc agus dul i ngleic le bunchúiseanna na héigeandála daonna atá roimh AE. Eisíodh Rún ó Pharlaimint na hEorpa ina dhiaidh sin an 29 Aibreán 2015 ([2]). Ghlac an Coimisiún Eorpach an Clár oibre Eorpach maidir leis an imirce an 13 Bealtaine 2015 ([3]), rud ina leagtar amach sraith beart ba cheart don Aontas Eorpach a dhéanamh d'fhonn cur chuige comhleanúnach cuimsitheach a fhorbairt ar mhaithe le leas a bhaint as na tairbhí a bhaineann leis an imirce agus ar mhaithe le dul i ngleic leis na dúshláin a ghabhann léi.

Ag teacht sna sála ar na Conclúidí ón gComhairle Eorpach an 25 agus an 26 Meitheamh 2015 ([4]), ba ag an gcruinniú neamhfhoirmiúil dá cuid an 8 agus an 9 Iúil 2015 a thacaigh na Ballstáit den Chomhairle Beartais agus Gnóthaí Baile i bprionsabal leis an togra ón gCoimisiún Eorpach leas a bhaint as an meicníocht freagartha éigeandála faoi Airteagal 78(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ar mhaithe le hiarratasóirí Siriacha agus Eiritréacha ar chosaint idirnáisiúnta a athlonnú as an Iodáil agus as an nGréig. Thacaigh na Ballstáit le moladh ón gCoimisiún scéim Eorpach athshocraíochta a chur ar bun freisin. An 14 Meán Fómhair 2015 agus an 22 Meán Fómhair 2015, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2015/1523 ([5]) agus Cinneadh (AE) 2015/1601 ([6]) faoi seach, lena mbunaítear bearta sealadacha i réimse na cosanta idirnáisiúnta ar mhaithe leis an Iodáil agus leis an nGréig.

Déanann gach ceann de na forbairtí sin difear suntasach do ghníomhaíochtaí EASO, go háirithe gníomhaíochtaí a dtugtar fúthu san Iodáil agus sa Ghréig trí chur chuige na dteophointí, mar a thugtar air. Déanann siad difear suntasach do na gníomhaíochtaí seo a leanas freisin: iarratais ar chosaint idirnáisiúnta a chlárú; iarratais ar thearmann a chomhphróiseáil; iarrataí féideartha amach ar ghabháil ar láimh faoi Rialachán Bhaile Átha Cliath a tharchur; agus cuidiú le hiarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta a athlonnú as an Iodáil agus as an nGréig. Leanadh ar aghaidh le cláir athshocraíochta agus le cláir ligean isteach ar fhoras daonnúil araon sa bhliain 2015. An 20 Iúil 2015, agus ag teacht sna sála ar an Moladh ón gComhairle maidir le scéim Eorpach athshocraíochta, chomhaontaigh 27 mBallstát, i gcomhar le Stáit a thagann faoi Rialachán Bhaile Átha Cliath, 22 504 duine easáitithe as tíortha lasmuigh den Aontas Eorpach agus a raibh gá soiléir acu le cosaint idirnáisiúnta laistigh de dhá bhliain a athshocrú trí scéimeanna iltaobhacha agus náisiúnta. Ba é sin an chéad iarracht chomhchoiteann ar athshocrú a rinneadh riamh in AE.

Chuaigh an spriocdháta le haghaidh *acquis* tearmainn athmhúnlaithe AE a thrasuí i léig i mí Iúil 2015 agus rinne na Ballstáit tuilleadh beart d'fhonn na forálacha ábhartha den *acquis* a chur chun feidhme ina gcóras náisiúnta.

([1]) Cruinniú speisialta de chuid na Comhairle Eorpaí, an 23 Aibreán 2015 — ráiteas: http://www.consilium.europa.eu/en/press/press-releases/2015/04/23-special-euco-statement/. Cuimsítear sa chuid sin den Chlár oibre Eorpach maidir leis an imirce na tionscnaimh atá ar áireamh sa Treochlár a chuir an Coimisiún i láthair mar bheart leantach ar an Ráiteas ón gComhairle Eorpach an 23 Aibreán. Déantar tuilleadh forbartha intí ar na tionscnaimh atá ann freisin.

([2]) P8_TA-PROV(2015)0176 http://www.europarl.europa.eu/sides/getDoc.do?pubRef=-//EP//NONSGML+TA+P8-TA-2015-0176+0+DOC+PDF+V0//EN.

([3]) COM (2015) 240 final.

([4]) EUR 22/15.

([5]) Cinneadh (AE) 2015/1523 ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2015 lena mbunaítear bearta sealadacha i réimse na cosanta idirnáisiúnta ar mhaithe leis an Iodáil agus leis an nGréig, IO L 239, 15.9.2015, lgh. 146-156.

([6]) Cinneadh (AE) 2015/1601 ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2015 lena mbunaítear bearta sealadacha i réimse na cosanta idirnáisiúnta ar mhaithe leis an Iodáil agus leis an nGréig, IO L 248, 24.9.2015, lgh. 80-94.

# 2. Tosaíochtaí EASO sa bhliain 2015

Sa bhliain 2015, rinne EASO comhdhlúthú agus tuilleadh forbartha ar a chroíghníomhaíochtaí reatha. Mar sin féin, cuirfear gníomhaíochtaí nua chun cinn trí chur chuige céim ar chéim. Chuir EASO an-iarracht isteach ar na gníomhaíochtaí a leagadh air sa Chlár oibre Eorpach maidir leis an imirce a chur chun feidhme, lenar áiríodh roinnt gníomhaíochtaí ar tugadh fúthu san Iodáil agus sa Ghréig mar chuid de chur chuige na dteophointí. Dhírigh EASO ar rannchuidiú a dhéanamh maidir le *acquis* tearmainn athmhúnlaithe AE a chur chun feidhme ar bhealach éifeachtach, comhleanúnach, comhsheasmhach agus praiticiúil. Gné thábhachtach den Chomhchóras Eorpach Tearmainn (CEAS) a fhorbairt tuilleadh is ea dóthain acmhainne a bheith ann i gcórais tearmainn náisiúnta na dtíortha AE+. D'éirigh le EASO ról níos lárnaí a fhorbairt sna bearta fothú acmhainní sin a chomhordú mar thoradh ar na gníomhaíochtaí comhair phraiticiúil ar thug sé fúthu sa bhliain — oiliúint, faisnéis faoin tír thionscnaimh (COI) agus tuarascálacha cáilíochta ina measc. Chuir EASO leis an acmhainn atá aici faisnéis agus cáipéisíocht a bhailiú agus a mhalartú ar chórais tearmainn. Chuir sé lena Chóras Luathrabhaidh agus Ullmhachta (EPS) freisin. Lean EASO de bheith ag tacú leis an ngné sheachtrach den CEAS i gcomhréir le straitéis gné seachtraí EASO, agus é ag obair i gcomhaontú leis an gCoimisiún Eorpach agus faoi chuimsiú bheartas AE um chaidreamh seachtrach. D'eagraigh EASO ardghníomhaíochtaí comhair phraiticiúil do thíortha AE+, don Choimisiún Eorpach agus do gheallsealbhóirí eile, lenar áiríodh comhdhálacha, ceardlanna, cruinnithe saineolaithe agus líonraí speisialta, d'fhonn plé agus beart a dhéanamh ar shaincheisteanna éagsúla atá ábhartha ar fud AE i réimse an tearmainn (e.g. ar bheartas, ar chur chun feidhme dhlí tearmainn AE, ar chúrsaí i dtíortha tionscnaimh, ar dhea-chleachtais, ar shruthanna éigeandála, etc.). Chomh maith leis sin, rinne EASO cuíchóiriú ar an modheolaíocht a leantar agus ar na gníomhaíochtaí a dhéantar chun comhar praiticiúil a chur chun cinn i réimse an tearmainn. D'eagraigh EASO ceardlanna praiticiúla ar théamaí ar shainaithin na Ballstáit iad, agus na ceardlanna sin ar siúl droim ar dhroim le cruinnithe de chuid na gCoistí Teagmhála.

| Príomhthorthaí EASO sa bhliain 2015 |
|---|
| **Tosú ar chur chun feidhme a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí a leagadh ar EASO sa Chlár Oibre Eorpach maidir leis an Imirce agus sa phlean 10 bpointe** |
| **Ról na hoiliúna agus na forbartha gairmiúla comhchoitinne a neartú i réimse an tearmainn** |
| **Feabhas a chur ar cháilíocht na bpróiseas agus na gcinntí tearmainn** |
| **Tuilleadh faisnéise comhchoitinne faoin Tír Thionscnaimh (COI) a tháirgeadh** |
| **Gníomhaíochtaí comhphróiseála a fhorbairt** |
| **Idirphlé breithiúnach a spreagadh i réimse an tearmainn** |
| **Tacú le daoine leochaileacha a shainaithint ar bhealach níos fearr** |
| **Faisnéis agus cáipéisíocht atá cruinn agus cothrom le dáta a bhailiú agus a mhalartú maidir le feidhmiú CEAS, agus tuilleadh forbartha a dhéanamh ar Chóras Luathrabhaidh agus Ullmhachta (EPS) chun anailís a dhéanamh ar threochtaí** |
| **Tacaíocht oibríochta thráthúil agus chuimsitheach a chur ar fáil do na Ballstáit** |
| **Tacaíocht oibríochta thráthúil agus chuimsitheach a chur ar fáil do na Ballstáit** |
| **Dálaí leordhóthanacha glactha agus bearta leordhóthanacha imeasctha a chur chun cinn** |
| **Sineirgí a chothú idir cleachtais imirce agus cleachtais tearmainn, lena náirítear iarrthóirí tearmainn ar diúltaíodh dá n-iarratas a fhilleadh ar ais** |
| **Tacú leis an ngné sheachtrach den CEAS** |

# 3. Tacaíocht bhuan

Is é an aidhm atá leis an tacaíocht bhuan a chuireann EASO ar fáil do na Ballstáit ná tacú le CEAS a chur chun feidhme agus feabhas a chur ar cháilíocht na bpróiseas agus na gcóras tearmainn. Tá sé mar aidhm leis cur chun feidhme comhsheasmhach CEAS a chur chun cinn laistigh den Aontas Eorpach agus eolas comhchoiteann agus scileanna comhchoiteanna, eagrú comhchoiteann agus nósanna imeachta comhchoiteanna, faisnéis chomhchoiteann, acmhainní comhchoiteanna agus dea-chleachtais chomhchoiteanna a chomhroinnt.

## 3.1. Oiliúint EASO

| Príomhthorthaí EASO sa bhliain 2015 |
|---|
| **Ghlac 275 duine de rannpháirtithe as 26 Stát AE+ agus de gheallsealbhóirí eile páirt i 23 sheisiún Oiliúna don Oiliúnóir ar eagraigh EASO iad** |
| **Soláthraíodh 271 seisiún náisiúnta oiliúna i gCuraclam Oiliúna EASO do 3 611 oifigeach tearmainn** |
| **Forbraíodh 2 mhodúl oiliúna agus cuireadh tús le 3 mhodúl nua** |
| **Tá 3 mhodúl oiliúna á nuashonrú faoi láthair agus athbhreithníodh an curaclam iomlán i bhfianaise dheimhniú oiliúint EASO** |
| **Foilsíodh 1 thuarascáil oiliúna** |

Is é an aidhm atá le gníomhaíochtaí oiliúna EASO ná tacú le tíortha AE+ forbairt a dhéanamh ar an eolas, ar na scileanna agus ar na hinniúlachtaí atá ag na foirne dá gcuid atá freagrach as cúrsaí tearmainn. Ar aon dul leis an gcreat a cruthaíodh leis an Straitéis Oiliúna ([7]) a glacadh sa bhliain 2012, is cur chuige dhá rian a leanann EASO: ar thaobh amháin, forbraíonn EASO ábhar oiliúna cuí agus, ar an taobh eile, eagraíonn sé oiliúint atá bunaithe ar chóras oiliúna don oiliúnóir.

Cuimsítear i gCuraclam Oiliúna EASO ([8]) príomhghnéithe den nós imeachta tearmainn trí mhodúil idirghníomhacha — a mbeidh 19 gcinn díobh ann roimh i bhfad — lena leantar modheolaíocht foghlama cumaisc ina mbaintear leas as meascán de sheisiúin ríomhfhoghlama ar líne agus de sheisiúin aghaidh ar aghaidh araon. Téann EASO i mbun comhairliúchán spriocdhírithe go rialta le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus le heagraíochtaí na sochaí sibhialta tríd an nGrúpa Tagartha Oiliúna, ar grúpa é a chuimsíonn ionadaithe ón gCoimisiún Eorpach, ó UNHCR, ó Líonra Odysseus agus ón gComhairle Eorpach um Dhídeanaithe agus Dheoraithe agus comhaltaí eile *ad hoc*. Imríonn na heintitis sin ról tábhachtach sa phróiseas forbartha oiliúna agus i gcaighdeáin dea-cháilíochta a choinneáil ar bun. Eagraíonn EASO cruinnithe bliantúla de chuid na bPointí Teagmhála Náisiúnta freisin. Úsáidtear na cruinnithe sin mar ardán ar ar féidir riachtanais oiliúna agus forbairtí oiliúna amach anseo a phlé le Stáit AE+.

Leathnaíodh an Curaclam sa bhliain 2015 nuair a forbraíodh roinnt modúl nua. Nuashonraíodh roinnt modúl eile freisin. Tugadh dhá mhodúl chun críche, ba iad sin: "Inscne, féiniúlacht inscne agus gnéaschlaonadh" agus "Glacadh". Tosaíodh ar thrí mhodúl eile a fhorbairt le linn na bliana chomh maith — ba iad sin, modúl ar mhodhanna teagascacha, modúl ar chearta bunúsacha agus ar chosaint idirnáisiúnta in AE agus modúl ar thús eolais ar chosaint idirnáisiúnta — agus táthar ag súil go mbeidh an obair sin críochnaithe sa bhliain 2016. Ina theannta sin, tosaíodh ar thrí mhodúl a bhí ann cheana a nuashonrú sa bhliain 2015 — ba iad sin, modúl ar mheasúnú fianaise, modúl ar Rialachán Bhaile Átha Cliath III agus modúl ar Dheireadh Cosanta — agus táthar ag súil go mbeidh an obair sin críochnaithe sa bhliain 2016.

D'fhoilsigh EASO lámhleabhar ar dhaoine leochaileacha a chur faoi agallamh agus thosaigh sé ar lámhleabhair a fhorbairt ar inscne, féiniúlacht inscne agus gnéaschlaonadh agus ar mheasúnú fianaise. Táthar ag súil go mbeidh an dá lámhleabhar sin réidh sa bhliain 2016. Is é an aidhm atá leis na lámhleabhair oiliúna sin ná go mbeidh siad ina n-uirlis tagartha do dhaoine a bhfuil na seisiúin ar líne agus aghaidh ar aghaidh críochnaithe acu cheana féin don mhodúl oiliúna lena mbaineann. Ós rud é go dtugtar achoimre iontu ar na príomhghnéithe den ábhar oiliúna, is féidir le cleachtóirí tearmainn na lámhleabhair a úsáid ina n-obair laethúil freisin.

Soláthraíodh 23 sheisiún oiliúna don oiliúnóir sna modúil seo a leanas le linn na bliana 2015: An Treoir maidir le Nósanna Imeachta Tearmainn; Faisnéis faoin tír thionscnaimh; Rialachán Bhaile Átha Cliath III; Measúnú fianaise; Eisiamh; Cuimsiú; Teicnící agallaimh; Leanaí a chur faoi agallamh; Daoine leochaileacha a chur faoi agallamh; Modúl do bhainisteoirí; an Comhchóras Eorpach Tearmainn; Inscne, féiniúlacht inscne agus gnéaschlaonadh; Glacadh. Ghlac 275 duine d'oiliúnaithe as 26 Bhallstát agus as an Iorua agus de gheallsealbhóirí eile (lenar áiríodh naonúr ball foirne de chuid EASO) páirt sna seisiúin oiliúna don oiliúnóir. Faoi mar a rinne sí sa bhliain 2014 ar mhaithe le rannpháirtíocht níos leithne a éascú, d'eagraigh EASO seisiúin réigiúnacha oiliúna inar pléadh le teaglaim modúl éagsúil. Soláthraíodh 8 seisiún oiliúna don oiliúnóir san iomlán, agus iad ar siúl i Vín, sa Bhruiséil, i dTaillinn agus sa Ghearmáin. Ba in Iostanbúl a eagraíodh seisiún amháin maidir le Gné

([7]) https://easo.europa.eu/wp-content/uploads/EASO-Training-strategy.pdf

([8]) https://easo.europa.eu/wp-content/uploads/BZ0413152ENC.pdf

Sheachtrach EASO freisin. Ba pháirteach sna seisiúin sin a bhí 106 oifigeach tearmainn as na Ballstáit, as tíortha na mBalcán Thiar agus as an Iordáin, as an Túinéis agus as Maracó (tíortha an ENPI).

Sholáthair EASO 271 sheisiún náisiúnta oiliúna ar a ardán ríomhfhoghlama freisin, agus oiliúint á cur aige ar 3 611 oifigeach.

Thairis sin, rinneadh dul chun cinn ar dheimhniú a bhaint amach d'oiliúint EASO. Eagraíodh ceithre chruinniú saineolaithe i leith na hoibre sin. Rinneadh athbhreithniú ar gach modúl i gCuraclam Oiliúna EASO ar mhaithe le forbairt a dhéanamh ar na gnéithe uile a bheadh ag teastáil don deimhniú (i.e. aistriú ó chuspóirí foghlama chuig torthaí foghlama agus tuairisceoirí a fhorbairt don Chreat Eorpach um Cháilíochtaí). Chomh maith leis sin, rinneadh ullmhúchán do chomhairleacht sheachtrach a fháil d'fhonn tacú leis an bpróiseas um oiliúint EASO a dheimhniú.

Sa bhliain 2015, rinneadh iarracht tús a chur le tionscadal arb é is aidhm dó aistriú ón gCóras Bainistíochta Foghlama reatha chuig ardán nua. Le cúnamh ó chuideachta sheachtrach chomhairleachta, rinne EASO anailís ar a riachtanais, shainigh sé sonraíochtaí teicniúla agus sheol sé glao ar thairiscintí i mí Lúnasa. Cuireadh tús leis na tairiscintí a fuarthas a mheas i ráithe 4. Ba i mí Eanáir 2016 ansin a rinneadh an creatchonradh a bhronnadh agus a shíniú.

Lean EASO ar aghaidh le tuairisc a thabhairt ar an dul chun cinn a bhí á dhéanamh ar Churaclam Oiliúna EASO a chur chun feidhme. Ba sa bhliain 2015 a foilsíodh an Tuarascáil bhliantúil oiliúna don bhliain 2014. Soláthraítear inti na príomhfhigiúirí don bhliain agus bileoga faisnéise faoin dul chun cinn a rinne na Ballstáit ar churaclam oiliúna EASO a chur chun feidhme lena linn.

## 3.2. Tacaíocht cháilíochta

| Príomhthorthaí EASO sa bhliain 2015 |
|---|
| **Forbraíodh uirlis phraiticiúil EASO ar dhaoine a bhfuil riachtanais speisialta acu a shainaithint** |
| **Forbraíodh uirlisí praiticiúla EASO-Frontex ar rochtain ar nós imeachta d'oifigigh chéadteagmhála** |
| **Rinneadh ullmhúchán do Líonra Aonad Bhaile Átha Cliath de chuid EASO a chur ar bun** |
| **Foilsíodh tuarascálacha Maitrís cháilíochta inar cuireadh i láthair na príomhthorthaí ó na cleachtaí léarscáilithe a rinneadh maidir le rochtain ar nós imeachta, le nósanna imeachta speisialta agus le daoine a bhfuil riachtanais speisialta acu a shainaithint.** |
| **Eagraíodh 3 chruinniú iomlánacha théamacha agus 6 chruinniú meithle** |

Féachann EASO le tacú leis na Ballstáit caighdeáin chomhchoiteanna a bhaint amach laistigh den CEAS trí chomhar phraiticiúil, trí na cleachtais agus na beartais atá i bhfeidhm ag Stáit AE+ a léarscáiliú agus, ina dhiaidh sin, trí uirlisí praiticiúla a fhorbairt.

Is é an aidhm atá leis an Tionscnamh um maitrís cháilíochta EASO, a seoladh sa bhliain 2012, ná gach limistéar den CEAS a chlúdach go cuimsitheach trí shraith bunspriocanna inghnóthaithe idirghaolmhara a fhorbairt (na cleachtais agus na beartais atá i bhfeidhm ag na Ballstáit faoi láthair a léarscáiliú, cruinnithe agus tuarascálacha téamacha, liosta tionscadal agus tionscnamh, agus uirlisí praiticiúla).

Cumasaítear leis an Maitrís cháilíochta do EASO riachtanais tacaíochta na mBallstát a shainaithint freisin. Sa bhliain 2015, díríodh in obair léarscáilithe na Maitríse cáilíochta ar nós imeachta Bhaile Átha Cliath agus ar na nósanna imeachta achomhairc. Eagraíodh cruinnithe téamacha i gcomhthráth leis an gcruinniú de chuid an choiste teagmhála ar an topaic chéanna.

Rinne EASO roinnt uirlisí agus treoracha praiticiúla a fhorbairt agus a chur ar fáil ar a suíomh gréasáin sa bhliain 2015 chun tacú le hobair laethúil oifigeach tearmainn agus oifigeach ábhartha eile, ba iad sin: "Treoir phraiticiúil EASO ar an agallamh pearsanta", "Treoir phraiticiúil EASO ar mheasúnú fianaise", agus "Treoir phraiticiúil EASO ar Airteagal 15(c) den Treoir maidir le Cáilíochtaí a Chur Chun Feidhme". Cruthaíodh "Uirlis phraiticiúil EASO ar dhaoine a bhfuil riachtanais speisialta acu a shainaithint" freisin, agus é mar aidhm léi tacú le hiarratasóirí a bhfuil riachtanais speisialta acu a shainaithint go tráthúil de réir na Treorach maidir le Nósanna Imeachta Tearmainn (athmhúnlaithe) agus na Treorach maidir le Dálaí Glactha (athmhúnlaithe). Bíonn an uirlis ar líne sin á cur chun cinn lena comhtháthú i bpróisis náisiúnta, go háirithe i mBallstáit a bhíonn ag fáil tacaíochta speisialta ó EASO (an Bhulgáir agus an Chipir). Rinne EASO "Uirlisí praiticiúla ar rochtain ar nós imeachta d'oifigigh chéadteagmhála" a fhorbairt i gcomhpháirt le Frontex agus i gcomhar le FRA agus le UNHCR freisin, agus é mar aidhm leo cabhrú le hoifigigh chéadteagmhála sainaithint a dhéanamh ar dhaoine a bhféadfadh gur mhian leo iarratas a dhéanamh ar chosaint idirnáisiúnta. Soláthraítear leis an tsraith uirlisí freisin treoir maidir leis an gcúnamh leantach agus leis na ráthaíochtaí nós imeachta is gá a chur ar fáil do dhaoine den sórt sin (faisnéis a sholáthar, clárú, tarchur agus cineálacha eile cúnaimh, agus ráthaíochtaí nós imeachta). Táthar ag súil go bhfoilseofar na huirlisí sin go luath sa bhliain 2016. Tá na huirlisí sin ar fáil i mBéarla amháin faoi láthair ach tá siad á n-aistriú go roinnt teangacha AE (18 gcinn ar a mhéad) ar mhaithe lena n-úsáid a éascú.

Sa bhliain 2015, lean EASO ar aghaidh lena cuid oibre ar thuarascálacha téamacha a ullmhú agus a fhoilsiú

ar phríomh-shaincheisteanna an CEAS. Foilsíodh trí thuarascáil théamacha — ba iad sin, an “Tuarascáil maitrís cháilíochta ar rochtain ar nós imeachta”, an “Tuarascáil maitrís cháilíochta ar nósanna imeachta speisialta” agus an “Tuarascáil maitrís cháilíochta ar dhaoine a bhfuil riachtanais speisialta acu a shainaithint” agus comhroinneadh iad ina dhiaidh sin leis na Ballstáit, leis an gCoimisiún Eorpach agus le UNHCR lena n-úsáid inmheánach. Ina theannta sin, rinneadh ullmhúchán do dhá thuarascáil eile a fhoilsiú, ba iad sin: an “Tuarascáil maitrís cháilíochta ar nós imeachta Bhaile Átha Cliath” agus an “Tuarascáil maitrís cháilíochta ar nósanna imeachta achomhairc”. Tá sé beartaithe na tuarascálacha sin a fhoilsiú sa bhliain 2016.

Chomh maith leis sin, bhí an cruinniú bliantúil de chuid na bpointí teagmhála náisiúnta um cháilíocht ar siúl i mí na Samhna, agus 27 duine as 14 thír AE+, ó UNHCR agus ón gCoimisiún páirteach ann. Mar chuid den chruinniú sin, eagraíodh seisiún a bhí tiomnaithe don tsaincheist thráthúil a bhain le freagairtí praiticiúla féideartha don ardphlódú isteach, go háirithe maidir le cáilíocht na bpróiseas tearmainn a chinntiú. Ba mar thoradh ar an seisiún sin a ullmhaíodh “Páipéar EASO ar cháilíocht a chinntiú i gcásanna ardphlódaithe isteach”. Comhroinneadh an páipéar leis na Ballstáit ina dhiaidh sin lena úsáid inmheánach.

Ar aon dul le Clár Oibre an AE maidir leis an Imirce a leagadh síos i mí na Bealtaine 2015, d’éascaigh EASO forbairt nóta coincheapa agus dréacht-téarmaí tagartha do Líonra aonad Bhaile Átha Cliath, ar líonra nua de chuid EASO é. Forbraíodh an nóta agus na dréacht-téarmaí bunaithe ar mhodheolaíocht na Maitríse cáilíochta. Comhroinneadh na cáipéisí sin le tíortha AE+ ansin lena meas. Tabharfar chun críche iad go luath sa bhliain 2016. Ina theannta sin, rinne EASO comhdhlúthú ar Líonra cáilíochta EASO trí théarmaí tagartha a thabhairt isteach dá chuid oibre.

## 3.3. Faisnéis faoin tír thionscnaimh (COI)

| Príomhthorthaí EASO sa bhliain 2015 |
|---|
| 9 sainlíonra COI |
| 4 chruinniú de chuid an tsainlíonra COI |
| 4 chruinniú comhair phraiticiúil |
| 1 cheardlann ar chúrsaí COI agus LGB |
| 2 cheardlann ar an Idirlíon agus ar na meáin shóisialta le haghaidh taighde COI |
| 4 thuarascáil COI |
| 1 threoir taighde phraiticiúil |
| 2 chruinniú de chuid an líonra straitéisigh (StratNet) |

Is é an aidhm atá leis an obair a dhéanann EASO i réimse na faisnéise faoin tír thionscnaimh ná córas cuimsitheach COI a fhorbairt don Aontas Eorpach trí chaighdeáin a ardú agus a chomhchuibhiú in éineacht leis na Ballstáit agus leis an gCoimisiún Eorpach ach leas a bhaint as cur chuige líonra. Trí shainlíonraí EASO, cuirtear comhchuibhiú beartas agus cleachtas chun cinn i measc na mBallstát. Comhroinntear faisnéis faoi riachtanais agus faoi tháirgí COI agus seachnaítear dúbláil iarrachtaí dá réir sin. Chomh maith leis sin, déanann na líonraí measúnú comhpháirteach ar phríomhfhoinsí COI; pléann siad saincheisteanna sonracha a bhaineann le cúrsaí tearmainn i dtíortha tionscnaimh; agus soláthraíonn siad creat trínar féidir COI a tháirgeadh agus ceisteanna ar chúrsaí COI a fhreagairt ar bhealach comhpháirteach.

Ar aon dul leis an gcuspóir sin, rinneadh tuilleadh forbartha sa bhliain 2015 ar an gcur chuige líonraí COI atá i bhfeidhm ag EASO agus a seoladh sa bhliain 2013: Bunaíodh 2 líonra nua ar an Eiritré agus ar an Úcráin i dteannta na 7 líonra atá ar bun cheana féin (an tSomáil, an tSiria, an Phacastáin, an Iaráic, an Iaráin, Cónaidhm na Rúise, agus an Afganastáin). Tá na 9 líonra comhdhéanta de 189 rannpháirtí.

Eagraíodh 3 chruinniú comhair phraiticiúil ar an Úcráin, ar an Afganastáin agus ar an Nigéir (COI, beartas agus gáinneáil ar dhaoine); eagraíodh cruinniú amháin ar chúrsaí COI agus LGB; agus tionóladh comhdháil comhair phraiticiúil ar an Afganastáin.

Rinneadh an chéad mheastóireacht ar obair na líonraí COI i mí an Mhárta/i mí Aibreáin 2016 agus cuireadh ardleibhéil sástachta lena gcuid oibre in iúl lena linn.

D’fhoilsigh EASO 4 thuarascáil COI sa bhliain 2015, ba iad sin: “An Afganastáin: Staid Slándála”, “An Eiritré: Fócas ar an Tír”, “An Phacastáin: Forbhreathnú ar an Tír”, agus “An Nigéir: Gáinneáil ar mhná chun críocha gnéis”. Bhí ról ag taighdeoirí agus ag saineolaithe as roinnt Ballstát éagsúil sna tuarascálacha a dhréachtú agus in athbhreithniú piaraí a dhéanamh orthu. Chomh maith leis sin, nuashonraíodh an tuarascáil “An Afganastáin: Staid Slándála” agus an tuarascáil “An tSomáil: Staid Slándála” (a foilsíodh i mí Eanáir agus i mí Feabhra 2016 faoi seach) agus tugadh tuarascáil dar teideal “Cónaidhm na Rúise: an Earnáil Ceartais agus Slándála” chun críche (agus foilseofar í sa bhliain 2016).

Eagraíodh dhá cheardlann oiliúna ar an modheolaíocht um thaighde COI. Bhí ceann amháin díobh dírithe ar “Slándáil agus príobháideacht Idirlín i dtaighde COI” agus pléadh “Uirlisí Meán Sóisialta a bhunú le haghaidh taighde COI” sa cheann eile. Ina theannta sin, foilsíodh treoir phraiticiúil ar thaighde a dhéanamh ar chúrsaí COI agus LGB i mí na Bealtaine 2015. Cuireadh i láthair í ag ceardlann ar chúrsaí COI agus LGB i mí na Bealtaine 2015 freisin.

Tá athbhreithniú á dhéanamh faoi láthair ar an Modheolaíocht ghinearálta um thuarascálacha COI

ó EASO, a foilsíodh sa bhliain 2012, ar mhaithe le haird a thabhairt ar an eispéireas le déanaí ar chineálacha éagsúla tuarascálacha COI ó EASO a dhréachtú.

Sa bhliain 2015, rinne EASO dul chun cinn suntasach ar an tairseach COI dá cuid a nuashonrú agus a fhorbairt tuilleadh. Ba é an Coimisiún Eorpach a d'fhorbair an tairseach ar dtús agus aistríodh chuig EASO í ina dhiaidh sin sa bhliain 2012. Cumasaítear leis an tairseach d'oifigigh thearmainn raon leathan COI a rochtain ó phointe iontrála aonair. Ag deireadh na bliana 2015, bhí 17 000 cáipéis a bhain le cúrsaí COI ar fáil tríd an tairseach, rud ar a bhfuil comhéadan a bhfuil rochtain ag an bpobal air. Tá 300 úsáideoir cláraithe leis an tairseach faoi láthair. Rinneadh leagan beta den ardán nua tairsí COI de chuid EASO a sheoladh an 5 Feabhra 2016 agus cuirfear gnéithe nua leis an tairseach le linn na bliana 2016.

Ag leibhéal bainistíochta, tháinig an Líonra Straitéiseach le chéile i mí Aibreáin agus i mí na Samhna 2015, agus é ag soláthar ionchuir agus aiseolais straitéisigh ar na gníomhaíochtaí COI de chuid EASO agus ag malartú eispéireas bainistíochta maidir le taighde COI. Tá an líonra comhdhéanta de chinn na n-aonad COI i ngach tír AE+ agus de shaineolaithe atá freagrach ar shlí eile as cúrsaí COI sna tíortha sin.

## 3.4. Cláir shonracha

### 3.4.1. Comhar le comhaltaí na gcúirteanna agus na mbinsí

| Príomhthorthaí EASO sa bhliain 2015 |
|---|
| **Tugadh 2 anailís bhreithiúnacha chun críche ar "Eisiamh" agus ar "Thús Eolais ar an CEAS" faoi seach** |
| **Tugadh faoi thuilleadh gníomhaíochtaí forbartha gairmiúla, lenar áiríodh 1 cheardlann forbartha gairmiúla ar an anailís bhreithiúnach ar Airteagal 15(c) den treoir maidir le cáilíochtaí a chur chun feidhme** |
| **Rinneadh 1 cheardlann ardleibhéil ar "Breithiúnas a thabhairt ar an CEAS: príomh-shaincheisteanna i gcur chun feidhme breithiúnach an CEAS" a eagrú i gcomhar le Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh** |

D'fhonn tacú le cur chun feidhme comhsheasmhach iomlán an Chomhchórais Eorpaigh Tearmainn (CEAS), oibríonn EASO i gcomhar le cúirteanna agus le binsí de chuid tíortha AE+. Tugtar faoi ghníomhaíochtaí EASO de réir na bprionsabal a glacadh sa bhliain 2013, agus neamhspleáchas cúirteanna agus binsí á urramú go hiomlán, agus de réir na modheolaíochta um ghníomhaíochtaí forbartha gairmiúla atá ar fáil do chomhaltaí de chúirteanna agus de bhinsí (leagan athbhreithnithe, Deireadh Fómhair 2015).

Ar mhaithe le freastal ar na riachtanais forbartha gairmiúla atá ag comhaltaí de chúirteanna agus de bhinsí, ghéaraigh EASO ar a iarrachtaí sraith forbartha gairmiúla a chruthú ina bhfuil anailísí breithiúnacha ar ábhair shonracha. Tá nótaí treorach ó oiliúnóir breithiúnach le cur leis na hanailísí freisin. i dteannta na hanailíse breithiúnaí ar Airteagal 15(c) den Treoir maidir le Cáilíochtaí ([9]), rud a bhfuil nóta treorach ó oiliúnóir breithiúnach ag gabháil leis cheana féin, thug EASO dhá anailís bhreithiúnacha eile chun críche sa bhliain 2015. Cuireadh obair ar anailís bhreithiúnach ar eisiamh i gcrích de réir Airteagail 12 agus 17 den treoir maidir le cáilíochtaí. ina theannta sin, chuir EASO anailís bhreithiúnach ar thús eolais ar an CEAS i gcrích i gcomhar leis an gCraobh Eorpach de Chumann Idirnáisiúnta na mBreithiúna Dlí Dídeanaithe (IARLJ-Europe). Thosaigh EASO ar anailís bhreithiúnach ar cháiliú do chosaint idirnáisiúnta a ullmhú sa bhliain 2015 freisin, agus tacaíocht á fáil aici arís ó IARLJ-Europe. D'eagraigh EASO trí chruinniú de chuid meithle saineolaithe agus an anailís bhreithiúnach ar eisiamh á forbairt aige. Bhí foireann dréachtaithe na hAnailíse, a bhí comhdhéanta de bhreithiúna agus d'ionadaí amháin ó UNHCR, i láthair ag gach ceann de na cruinnithe sin.

Rinneadh imeacht ardleibhéil comhair phraiticiúil ar "Breithiúnas a thabhairt ar an CEAS: príomh-shaincheisteanna i gcur chun feidhme breithiúnach an CEAS" a eagrú i gcomhar le Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Bhí an t-imeacht sin ar siúl in áitreabh na Cúirte Breithiúnais i Lucsamburg. Mar aon le líon mór cainteoirí ardleibhéil ón mbreithiúnacht, ón saol acadúil agus ó réimsí eile, ghlac 95 duine as 28 dtír AE+ páirt san imeacht freisin. Ba é ab aidhm don chruinniú fóram a thabhairt do chomhaltaí de chúirteanna agus de bhinsí a phléann leis an dlí tearmainn dul i mbun plé le piaraí as raon leathan tíortha AE+. Tugadh deis thábhachtach do bhreithiúna cleachtas agus taithí a mhalartú le chéile le linn an imeachta d'fhonn tuiscint chomhpháirteach ar chaighdeáin bhreithiúnacha maidir leis an gComhchóras Eorpach Tearmainn, agus comhchuibhiú na gcaighdeán sin, a fheabhsú ar fud na dtíortha AE+. Chomh maith leis sin, tugadh deis thráthúil do EASO lena linn féachaint leis an gcáil atá air mar sholáthraí tacaíochta agus, go háirithe, mar sholáthraí forbartha gairmiúla, a mhéadú i measc an mhórphobail bhreithiúnaigh.

I dteannta an chruinnithe ardleibhéil sin, d'eagraigh EASO ceardlann d'oiliúnóirí breithiúnacha féideartha freisin ar an Anailís Bhreithiúnach ar Airteagal 15(c) den Treoir maidir le Cáilíochtaí a chur chun feidhme i nGníomhaíochtaí Náisiúnta Oiliúna. D'fhreastail 18 gcomhalta de chúirteanna agus de bhinsí as 13 Bhallstát ar an gceardlann sin, a bhí ar siúl an 23-24 Aibreán 2015. Ghníomhaigh beirt bhreithiúna — duine amháin as an Ríocht Aontaithe agus duine amháin

([9]) https://easo.europa.eu/wp-content/uploads/Article-15c-Qualification-Directive-201195EU-A-judicial-analysis.pdf

as an nGearmáin — mar oiliúnóirí breithiúnacha le linn na ceardlainne. Cuireadh tacaíocht phraiticiúil i bhfoirm forbartha gairmiúla ar fáil do chomhaltaí den bhreithiúnacht sa Ghearmáin freisin. Díríodh san fhorbairt ghairmiúil sin ar mhodhanna chun taighde agus measúnú a dhéanamh ar fhaisnéis faoin tír thionscnaimh. Bhí an timeacht sin ar siúl an 18 Meitheamh 2015 in Brunswick, an tSacsain Íochtarach.

Ina theannta sin, tionóladh cruinniú tosaigh inar féachadh ar an bhféidearthacht atá ann beart eile comhair phraiticiúil a fhorbairt i bhfoirm bunachar sonraí cásdlí. I measc na ndaoine a d'fhreastail ar an gcruinniú, bhí saineolaithe as raon éagsúil Ballstát agus ionadaithe ó Chúirt Bhreithiúnais AE, ón gCúirt Eorpach um Chearta an Duine, ón saol acadúil agus ón tsochaí shibhialta. Cuireadh togra sonrach ar an ábhar i láthair ina dhiaidh sin ag an gcruinniú bliantúil comhordaithe agus pleanála de chuid líonra comhaltaí cúirte agus binse EASO. Leagadh amach sa togra conas ba cheart tosú ar an gcásdlí a bhailiú agus a chur le chéile.

Lean líonra comhaltaí cúirte agus binse EASO, a bhí ar bun cheana féin, ar aghaidh lena chuid gníomhaíochtaí sa bhliain 2015. Bhí an cruinniú bliantúil comhordaithe agus pleanála dá chuid i measc na ngníomhaíochtaí sin. Ba ag an gcruinniú sin a rinneadh gníomhaíochtaí eile comhair phraiticiúil, amhail an bunachar sonraí cásdlí, a phlé agus a fhormhuiniú. Chomh maith leis sin, pléadh na bearta eile a bheadh le déanamh chun sraith forbartha gairmiúla a chruthú do chomhaltaí de chúirteanna agus de bhinsí do na blianta atá le teacht.

### 3.4.2. Gníomhaíochtaí EASO um leanaí, lena n-áirítear mionaoisigh gan tionlacan

| Príomhthorthaí EASO sa bhliain 2015 |
|---|
| **Eagraíodh 2 chruinniú iomlánacha ar leanaí agus 1 ardcheardlann saineolaithe** |
| **Forbraíodh treoir phraiticiúil EASO ar rianú teaghlaigh** |
| **Seoladh Líonra EASO um Ghníomhaíochtaí ar Leanaí (ENAC)** |

Sa bhliain 2015, lean EASO ar aghaidh le tacaíocht a chur ar fáil agus le comhar praiticiúil a éascú ar shaincheisteanna a bhaineann le leanaí is iarrthóirí tearmainn, lena n-áirítear leanaí gan tionlacan. Agus an méid sin á dhéanamh aige, chuir sé san áireamh an obair ar chosaint chearta an linbh arna forbairt ag an gCoimisiún Eorpach, go háirithe ar aon dul le plean gníomhaíochta an AE maidir le mionaoisigh gan tionlacan, ag FRA, ag UNHCR agus ag Coiste Ginearálta na Náisiún Aontaithe ar Chearta an Linbh, i measc comhlachtaí eile.

Cuireadh ENAC ar bun sa bhliain 2015. Seoladh ardán ar líne don líonra sa bhliain freisin.

Eagraíodh cruinniú téamach ar leanaí is íospartaigh gháinneála ar dhaoine agus ar rianú teaghlaigh agus bhí ionadaithe as 14 Stát AE+ agus ionadaithe ó Ghníomhaireachtaí AE, ó UNHCR, agus ó eagraíochtaí idirnáisiúnta eile agus ó eagraíochtaí neamhrialtasacha a bhfuil saineolas acu ar an ábhar páirteach ann. Bhí díriú sonrach ann sa chruinniú ar gháinneáil ar leanaí/athgháinneáil ar leanaí a shainaithint agus a chosc. Ina theannta sin, ghlac EASO an deis faisnéis a chur i láthair faoin dul chun cinn a bhí déanta ar threoir phraiticiúil EASO ar Rianú Teaghlaigh agus ar Líonra Saineolaithe EASO um Ghníomhaíochtaí ar Leanaí a bhí le teacht.

Tugadh an dréacht inmheánach den Treoir Phraiticiúil ar Rianú Teaghlaigh chun críche. Foilseofar an cháipéis sa dara ráithe den bhliain 2016. Is é an aidhm atá léi treoir a thabhairt d'oifigigh thearmainn agus do gheallsealbhóirí ábhartha eile ar an bpróiseas rianú teaghlaigh.

Lean EASO de bheith ag obair i gcomhar go gníomhach leis an gCoimisiún Eorpach agus rinne sé rannchuidiú maidir leis an tuarascáil deiridh ar phlean gníomhaíochta AE ar mhionaoisigh gan tionlacan.

Tionóladh an tríú comhdháil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí EASO ar leanaí an 15-16 Nollaig 2015. Ghlac 29 n-ionadaí as 13 Stát AE+, ón gCoimisiún Eorpach, ó UNHCR agus ó eagraíochtaí na sochaí sibhialta (Child Circle; Defence for Children International the Netherlands-ECPAT; ACDS; IOM; Missing children Europe; NIDOS, UNICEF) páirt inti. Mar aon le haird a thabhairt ar ghníomhaíochtaí EASO ar leanaí, pléadh le linn na comhdhála le hábhair a bhaineann le leanaí agus atá ábhartha ó thaobh cosanta idirnáisiúnta de, mar shampla, leasanna an linbh agus measúnú aoise.

### 3.4.3. Gáinneáil ar dhaoine (THB)

| Príomhthorthaí EASO sa bhliain 2015 |
|---|
| **D'eagraigh EASO 1 chomhdháil agus 1 chruinniú comhair phraiticiúil ar THB** |
| **Tá 1 uirlis oiliúna ar THB á forbairt faoi láthair** |
| **Chuathas i mbun tuilleadh comhordaithe agus comhair le gníomhaireachtaí ceartais agus gnóthaí baile (CGB) sa chomhrac in aghaidh gáinneála** |
| **Cuireadh líonra saineolaithe EASO ar Gháinneáil ar Dhaoine (EASO THBNet) ar bun** |

Féachann EASO le tacú le straitéis AE i dtreo deireadh a chur leis an ngáinneáil ar dhaoine (2012–2016) agus le cur chun feidhme comhleanúnach na straitéise sin i gcomhar leis an gCoimisiún Eorpach agus le hinstitiúidí, le comhlachtaí agus le Gníomhaireachtaí eile de chuid AE, amhail Cepol, Europol, FRA agus Frontex. D'fhonn an cuspóir sin a bhaint amach, tacaíonn EASO le comhleanúnachas beartais agus cuireann sé gnéithe a bhaineann le THB ar áireamh ina ghníomhaíochtaí uile.

Sa bhliain 2015, d'fhreastail EASO ar thrí chruinniú comhordaithe de chuid na bpointí teagmhála THB i nGníomhaireachtaí CGB, cruinnithe ar eagraigh Oifig Chomhordaitheoir Frithgháinneála an Aontais Eorpaigh iad. Ba é aidhm leis na cruinnithe sin a chinntiú go malartódh gníomhaireachtaí faisnéis le chéile faoi gach gníomhaíocht agus gníomh a bhaineann le THB agus, nuair is iomchuí, go noibreoidís go dlúth le chéile ar mhaithe le sineirgí a bhaint amach agus le dúbláil cúraimí a sheachaint, agus cur chuige ildisciplíneach á chothú ag an am céanna.

D'eagraigh EASO féin dhá imeacht ar THB freisin. Tionóladh an 2ú comhdháil bhliantúil ar THB agus ar chosaint idirnáisiúnta de chuid EASO i mí na Bealtaine agus díríodh lena linn ar "Sainaithint a dhéanamh ar íospartaigh gháinneála ar dhaoine a bhféadfadh go mbeadh cosaint idirnáisiúnta ag teastáil uathu". Rinneadh plé ar na dúshláin agus ar na réitigh atá ann maidir le híospartaigh fhéideartha gháinneála ar dhaoine a shainaithint i gceart le linn an nós imeachta tearmainn. Rinneadh plé freisin ar mhí-úsáid fhéideartha an nós imeachta a bhrath. Ba mar gheall ar an obair sin ar fad a thosaigh EASO ar ábhar sonrach oiliúna a fhorbairt i leith na saincheisteanna sin.

Chomh maith leis sin, d'eagraigh EASO ceardlann comhair phraiticiúil ar "THB agus cosaint idirnáisiúnta: díriú speisialta ar íospartaigh as an Nigéir". Chuimsigh an cheardlann sin sainphlé ar chás-staidéir ar iarratais inar mhaígh iarratasóirí Nigéaracha go ndearnadh gáinneáil ar dhaoine orthu. Rinneadh plé freisin ar na príomhdheacrachtaí a bhíonn ag oifigigh chásanna agus measúnú á dhéanamh acu ar mhaímh den sórt sin. Bhí an cheardlann ar siúl droim ar dhroim le cruinniú Faisnéise faoin Tír Thionscnaimh ar an Nigéir, agus é mar aidhm léi sineirgí a fhorbairt idir cúrsaí COI agus an beartas THB.

Ina theannta sin, chuir EASO líonra saineolaithe ar bun in AE+, rud a bhfuil ardán leictreonach mar thaca leis. Is é an aidhm atá leis an líonra comhar praiticiúil a mhéadú i dtaca le cúrsaí THB.

### 3.4.4. Bailiú faisnéise ar an bhfeiniméan a bhaineann le gluaiseachtaí tánaisteacha a éascú le linn an nós imeachta um chinntí tearmainn

Ar aon dul le gníomh 3.6 den **Phlean Gníomhaíochta de bhun na Cumarsáide ón gCoimisiún maidir le Tascfhórsa na Meánmhara** ([10]), ghlac EASO, i gcomhar le Frontex, le Europol agus le Eurojust, páirt i dtreoirthionscadal comhpháirteach leis an nGearmáin agus leis an tSualainn chun eolas a ghnóthú ar an bhfeiniméan a bhaineann le gluaiseachtaí tánaisteacha a éascú le linn an phróisis tearmainn, agus é ag féachaint le hanailís a dhéanamh ar threochtaí agus ar phróifílí ina leith. Bhí sé mar aidhm leis an tionscadal, mar sin, faisnéis a bhailiú agus eolas a ghnóthú go córasach le linn an phróisis tearmainn ar an bhfeiniméan a bhaineann le gluaiseachtaí tánaisteacha a éascú ar mhaithe le hanailís a dhéanamh ar threochtaí agus ar phróifílí ionas go mbeifí in ann úsáid ní ba leithne a bhaint as an modheolaíocht agus as na ceachtanna a foghlaimíodh le linn an tionscadail. Tionóladh an chéad chruinniú de chuid fhoireann an tionscadail an 3 agus an 4 Meán Fómhair 2015. Meastar go mbeidh an tionscadal ar siúl go mí Dheireadh Fómhair 2017.

## 3.5. Liosta EASO de na teangacha a bhfuil fáil orthu

Is tríd an liosta de na teangacha a bhfuil fáil orthu a thacaíonn EASO leis na Ballstáit teacht go héasca ar na teangacha a bhfuil fáil orthu i mBallstáit eile.

Sa bhliain 2015, choimeád EASO an liosta mar a bhí. I ráithe 4, ullmhaíodh cáipéisí le haghaidh seirbhísí saincheaptha comhairleachta ar réitigh theicniúla ar mhaithe le húsáid an liosta agus le hanailís teanga a éascú. Dúshlán ar leith, áfach, is ea an fháil theoranta a bhíonn ann ar ateangairí i dteangacha neamhchoitianta. Ina theannta sin, bíonn deacrachtaí ag údaráis tearmainn soláthar a dhéanamh do na socruithe lóistíochtúla a theastaíonn chun a chinntiú go mbíonn ateangaire i láthair do gach beart nós imeachta ina mbíonn aistriúchán ag teastáil. Cé go mbaineann Ballstáit áirithe úsáid fhorleathan as anailís teanga chun críocha measúnú creidiúnachta agus sainaitheanta, níl aon rochtain ná aon fhaisnéis ag roinnt Ballstát eile ar an tseirbhís sin faoi láthair. Má bhaintear úsáid as na forbairtí TFC is déanaí — uirlisí amhail físchomhdháil agus cumarsáid leictreonach — beifear in ann roinnt de na dúshláin atá luaite thuas a shárú, áfach. Mar a tharla, cuireadh forbairtí eile ar an liosta agus cruinnithe ábhartha ar ceal sa bhliain 2015 de bharr tosaíochtaí práinneacha a tháinig chun cinn i réimsí eile d'obair EASO sa bhliain.

([10]) COM (2013) 869 an 4 Nollaig 2013.

# 4. Tacaíocht oibríochta

## 4.1. An Díorma um Idirghabháil Tearmainn

Forbraíodh an Díorma um Idirghabháil Tearmainn (AIP) chun EASO a chumasú freagairt ar bhealach tráthúil do chásanna éigeandála agus d'iarrataí ó na Ballstáit ar thacaíocht. Nuashonraigh EASO an díorma saineolaithe (bhí 343 shaineolaí ann sa bhliain 2012, agus iad grúpáilte ina 13 phróifíl; bhí 497 saineolaí ann sa bhliain 2013-2014, agus iad grúpáilte ina 20 próifíl; agus bhí 500 saineolaí ann sa bhliain 2015, agus iad grúpáilte ina 18 bpróifíl); choinnigh sé línte cumarsáide ar oscailt le pointí teagmhála náisiúnta an AIP ar gach ábhar a bhaineann leis na foirne tacaíochta tearmainn; agus chuir sé cúnamh leanúnach ar fáil ar gach saincheist a bhaineann le coinníollacha imscartha na bhfoirne sin. Eagraíodh 2 chruinniú le pointí teagmhála náisiúnta an AIP chun plé a dhéanamh ar na gnéithe agus ar na huirlisí difriúla a bhaineann le himscaradh saineolaithe, amhail rannpháirtíocht saineolaithe náisiúnta i ngníomhaíochtaí oibríochta EASO, oibríochtaí amach anseo a phleanáil le linn na bliana mar chuid den Chlár Oibre Eorpach maidir leis an Imirce, agus tuilleadh úsáide a bhaint as an AIP mar uirlis ghníomhach chun tacú le dlúthpháirtíocht de réir Rialachán EASO.

Ag an gcruinniú dá chuid an 2 Márta 2015, d'aisghair an Bord Bainistíochta Cinneadh Uimh. 8 maidir le líon foriomlán agus le próifílí na saineolaithe a chuirfí ar fáil do na foirne tacaíochta tearmainn (an Díorma um Idirghabháil Tearmainn) agus ghlac sé Cinneadh Uimh. 24 ón mBord Bainistíochta an 2 Márta 2015 maidir le próifílí agus le líon foriomlán na saineolaithe a chuirfí ar fáil don Díorma um Idirghabháil Tearmainn i bhfianaise rannpháirtíocht na saineolaithe sin sna gníomhaíochtaí tacaíochta oibríochta arna gcomhordú ag an nGníomhaireacht. Cé go ndearnadh roinnt próifílí a scriosadh nó a athrú, ní dhearnadh ach cinn eile a leasú. Cuimsíodh sa liosta nua na próifílí de chuid 18 saineolaí agus cinneadh 100 saineolaí ar a laghad a choinneáil san AIP.

Tar éis an liosta nua próifílí a ghlacadh, sheol EASO iarraidh chuig pointí teagmhála náisiúnta an AIP an 6 Márta 2015 agus cuireadh ar chumas EASO an AIP a choinneáil cothrom le dáta dá bharr. Iarrtar ar phointí teagmhála náisiúnta CV na saineolaithe a chur ar aghaidh in éineacht leis an bhfógra ainmniúcháin. Tá pointí teagmhála náisiúnta freagrach freisin as fógra a thabhairt do EASO faoi aon athruithe ar an bhfáil atá ag an díorma ar a gcuid saineolaithe. Tá an díorma fós ar oscailt d'ainmniúcháin nua agus molann EASO go ndéanfaí saineolaithe nua a ainmniú don díorma agus cuireann sé fáilte roimh na hainmniúcháin sin. Chuir 19 mBallstát a ndíorma saineolaithe náisiúnta le chéile agus thug siad fógra do EASO faoi sin ar mhaithe leis an Díorma um Idirghabháil Tearmainn a ghníomhachtú tuilleadh. Rinne na Ballstáit 298 saineolaí aonair a ainmniú sa bhliain 2015. Tar éis breithniú a dhéanamh ar ainmniú na saineolaithe ina réimsí difriúla saineolais, tá AIP comhdhéanta de thart ar 500 saineolaí anois.




**Saineolaithe de chuid EASO, agus iad ag cur faisnéise ar fáil faoin bpróiseas athlonnaithe san Iodáil.**

Agus é dírithe ar dhaoine a bhíonn páirteach i ngníomhaíochtaí oibríochta EASO ([11]), rinneadh cód iompair nuashonraithe EASO a fhoilsiú agus a leithdháileadh ar gach saineolaí sular imscaradh iad le EASO. Leagtar amach sa chód prionsabail agus rialacha lena dtreoraítear iompar daoine a bhíonn páirteach i ngníomhaíochtaí tacaíochta oibríochta EASO, is iad sin, baill de na foirne tacaíochta tearmainn as Ballstáit rannpháirteacha a imscartar faoi Airteagal 16 de Rialachán EASO, saineolaithe as Ballstáit a bhíonn páirteach i gcur chun feidhme na bPleananna Tacaíochta Speisialta agus daoine a bhíonn páirteach i ngníomhaíochtaí Comhphróiseála EASO.

Rinneadh córas aiseolais a chur i láthair agus a phlé le pointí teagmhála náisiúnta an AIP i mí Mheán Fómhair 2015. Bhain an t-aiseolas sin leis an tacaíocht a chuir saineolaithe imscartha ar fáil mar chuid de chóras faireacháin agus meastóireachta oibríochtaí, córas a bhí bunaithe ar thorthaí. Rinneadh lámhleabhar do bhaill foirne EASO a fhorbairt agus a thabhairt chun críche i mí na Nollag 2015 ansin maidir le cur chun feidhme an chórais faireacháin agus mheastóireachta, lena n-áirítear aiseolas do shaineolaithe.

# 4.2. Tacaíocht Oibríochta

## 4.2.1. Tacaíocht shaincheaptha/speisialta do Bhallstáit a bhfuil riachtanais shonracha acu

| **Príomhthorthaí EASO sa bhliain 2015** |
|---|
| **Cuireadh pleananna tacaíochta speisialta ar fáil do 4 thír (an Chipir, an Bhulgáir, an Ghréig, an Iodáil)** |
| **An Chipir:**<br>**Imscaradh 22 shaineolaí; cuireadh 16 ghníomhaíocht chun feidhme faoin bplean tacaíochta speisialta; agus ghlac 14 shaineolaí as an gCipir páirt i seisiúin oiliúna, i gcuairteanna staidéir agus i gcruinnithe** |
| **An Bhulgáir:**<br>**Imscaradh 31 saineolaí; cuireadh 20 gníomhaíocht chun feidhme faoin bplean tacaíochta speisialta; agus ghlac 55 shaineolaí as an mBulgáir páirt i seisiúin oiliúna, i gcuairteanna staidéir agus i gcruinnithe** |
| **An Ghréig:**<br>**Imscaradh 21 shaineolaí; cuireadh 7 ngníomhaíocht chun feidhme faoin bplean tacaíochta speisialta; agus ghlac 33 shaineolaí as an nGréig páirt i seisiúin oiliúna, i gcuairteanna staidéir agus i gcruinnithe** |
| **An Iodáil:**<br>**Imscaradh 4 fhoireann tacaíochta speisialta agus beirt saineolaithe ar feadh tréimhse fadtéarmaí agus ghlac 40 saineolaí as an Iodáil páirt i seisiúin oiliúna** |

([11]) https://www.easo.europa.eu/sites/default/files/public/EASO_CODE_OF_CONDUCT.pdf

Agus leas á bhaint aige as an taithí a ghnóthaigh sé sna blianta roimhe, rinne EASO tuilleadh forbartha sa bhliain 2015 ar bhearta arb é an aidhm atá leo cúnamh a thabhairt do Bhallstáit a dteastaíonn tacaíocht speisialta uathu i dtaca lena gcóras tearmainn agus glactha. Ba ar bhonn pleananna tacaíochta speisialta a chuir EASO tacaíocht speisialta ar fáil don Chipir, don Bhulgáir, don Ghréig agus don Iodáil. Soláthraíodh an tacaíocht sin i gcomhréir leis an iarraidh a fuarthas ó na Ballstáit lena mbaineann agus i gcomhréir leis an measúnú a rinne EASO orthu, rud a bhí bunaithe ar na hanailísí ar thug sé fúthu tríd an gCóras Luathrabhaidh agus Ullmhachta (EPS), i measc nithe eile.

### An Chipir

Tosaíodh ar an bPlean tacaíochta speisialta don Chipir ([12]) a chur chun feidhme i mí Iúil 2014 nuair a soláthraíodh bearta tacaíochta i réimse an ghlactha agus na cóiríochta oscailte. An 1 Iúil 2015, fadaíodh tréimhse an Phlean go dtí an 29 Feabhra 2016. Bhí na bearta seo a leanas i gceist leis an bPlean Tacaíochta Speisialta sa bhliain 2015: Beart CY 1 — bailiú sonraí agus acmhainn anailíseach; Beart CY 2 — oiliúint i gcosaint idirnáisiúnta; Beart CY 3 — daoine a bhfuil riachtanais speisialta acu a shainaithint; Beart CY 4 — Tacaíocht a thabhairt do mhionaoisigh/do mhionaoisigh gan tionlacan; Beart CY 5 — Tacaíocht i réimse an ghlactha; Beart CY 6 – Cuairteanna staidéir; Beart CY 7 — Oiliúint; Beart CY 8 — Tacaíocht maidir le hacmhainn Aonad Bhaile Átha Cliath a mhéadú.

Sa bhliain 2015, ghlac 22 shaineolaí san iomlán as 8 mBallstát páirt i gcur chun feidhme a dhéanamh ar na 16 ghníomhaíocht faoi chuimsiú an Phlean tacaíochta speisialta don Chipir. Ina theannta sin, ghlac ceathrar saineolaithe as an gCipir páirt i seisiúin oiliúna don oiliúnóir agus i gcruinnithe de chuid EASO agus thug deichniúr saineolaithe as an gCipir cuairteanna staidéir ar an nGearmáin agus ar an Ísiltír.

### An Bhulgáir

Síníodh Plean Tacaíochta Speisialta idir EASO agus Aire Gnóthaí Baile na Bulgáire an 5 Nollaig 2014, agus é mar aidhm leis feabhas a chur ar chóras tearmainn agus glactha na Bulgáire. Rachaidh tréimhse an Phlean Tacaíochta Speisialta in éag ag deireadh mhí an Mheithimh 2016. Sa bhliain 2015, chuir saineolaithe EASO tacaíocht ar fáil don Ghníomhaireacht Stáit um Dhídeanaithe (SAR) sa Bhulgáir chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar mheicníocht idirinstitiúideach scagtha agus tarchuir do dhaoine a bhfuil riachtanais speisialta acu; feabhas a chur ar obair shóisialta agus ar ghníomhaíochtaí in ionaid ghlactha; bileoga faisnéise COI agus buan-nósanna imeachta oibríochta a nuashonrú; oiliúint chaighdeánach agus cód iompair a fhorbairt d'ateangairí; tuilleadh

([12]) https://easo.europa.eu/wp-content/uploads/EASO-CY-OP.pdf

forbartha a dhéanamh ar uirlisí dearbhú cáilíochta don nós imeachta tearmainn; oiliúint ionduchtúcháin do bhaill foirne nuacheaptha; ceardlanna agus uirlisí le haghaidh cistithe AE; agus ceardlanna saincheaptha a chur ar fáil, lenar áiríodh cinn a cuireadh ar fáil do bhreithiúna. Thug bearta eile tacaíochta deis d'oifigigh as an mBulgáir páirt ghníomhach a ghlacadh i gcruinnithe comhair phraiticiúil de chuid EASO i réimsí a bhain le cáilíocht, le staitisticí, le COI agus le leanaí, i seisiúin oiliúna don oiliúnóir i gcuraclam oiliúna EASO, agus i gcuairteanna staidéir a raibh sé mar aidhm leo dea-chleachtais a mhalartú.

Sa bhliain 2015, ghlac 31 shaineolaí san iomlán as 10 mBallstát páirt i gcur chun feidhme a dhéanamh ar an 20 gníomhaíocht faoi chuimsiú an Phlean tacaíochta speisialta don Bhulgáir. Ina theannta sin, ghlac 49 saineolaí as an mBulgáir páirt i gcruinnithe comhair phraiticiúil de chuid EASO agus thug seisear saineolaithe as an mBulgáir cuairteanna staidéir ar an nGearmáin agus ar an Ísiltír.

### An Ghréig

An 13 Bealtaine 2015, shínigh EASO agus an Ghréig Plean nua tacaíochta speisialta a bheadh i bhfeidhm ar feadh tréimhse 12 mhí (go mí na Bealtaine 2016). Chuir saineolaithe de chuid EASO tacaíocht ar fáil maidir le nósanna imeachta Bhaile Átha Cliath III, le roinnt tuarascálacha fócais COI a fhorbairt agus le cúnamh fadtéarmach ó thaobh cistí AE agus acmhainní airgeadais eile de. Chomh maith leis sin, chuir siad tacaíocht phraiticiúil ar fáil don ionad céadghlactha in Moria/ Lesvos maidir le hobair shóisialta agus le gníomhaíochtaí laethúla agus chuir siad oiliúint i gcuraclam oiliúna EASO ar phearsanra as an nGréig. Ghlac údaráis na Gréige páirt i roinnt seisiún oiliúna don oiliúnóir de chuid EASO agus i gcruinnithe comhair phraiticiúil a bhain le cúrsaí COI agus le staitisticí/sonraí.

Sa bhliain 2015, ghlac 21 shaineolaí san iomlán as 8 mBallstát páirt i gcur chun feidhme a dhéanamh ar na 7 ngníomhaíocht faoi chuimsiú an Phlean tacaíochta speisialta don Ghréig. Ina theannta sin, ghlac 31 shaineolaí as an nGréig páirt i gcruinnithe comhair phraiticiúil agus i seisiúin oiliúna de chuid EASO agus thug beirt saineolaithe as an nGréig cuairteanna staidéir ar an nGearmáin.

### An Iodáil

Maidir leis an bPlean tacaíochta speisialta don Iodáil ([13]), rud a bheidh i bhfeidhm go dtí an 31 Márta 2016, chuir




**Taobh istigh de cheann de na campaí in Pozzallo, an Iodáil.**

([13]) https://easo.europa.eu/wp-content/uploads/EASO-SPP-Italy-ELECTR-SIGNED.pdf

EASO tacaíocht theicniúil agus oibríochta ar fáil chun feabhas a chur ar ionstraimí na hIodáile le haghaidh *acquis* tearmainn AE a chur chun feidhme. D'oibrigh EASO agus an Iodáil le chéile ar roinnt réimsí tosaíochta, amhail COI agus tacaíocht fhadtéarmach d'Aonad Iodálach Bhaile Átha Cliath. D'fhreastail 40 oifigeach as an Iodáil a bhíonn ag obair leis an gCoimisiún Náisiúnta Tearmainn (an Iodáil) agus lena fho-Choimisiúin Chríche ar sheisiún oiliúna speisialaithe ar chúrsaí COI sa Róimh i mí an Mheithimh 2015. Ba é EASO a d'eagraigh an seisiún oiliúna sin. Rinne an Coimisiún Náisiúnta Tearmainn an fhoireann oiliúnóirí a imscaradh chuig Scuola Superiore dell'Amministrazione dell'Interno mar fhoireann tacaíochta ceathrar ball d'fhonn an seisiún oiliúna aghaidh ar aghaidh a éascú agus a sholáthar ar an modúl COI laistigh de churaclam oiliúna EASO. Ghlac 40 duine páirt sa seisiún oiliúna.

Imscaradh ceithre fhoireann tacaíochta speisialta sa chéad leath den bhliain 2015 (Fothú Acmhainní le haghaidh Coimisiún Críche — imscaradh 2 fhoireann chuig an Róimh agus chuig Verona; tacaíocht d'Aonad Bhaile Átha Cliath – chuaigh 1 fhoireann a bhí comhdhéanta de cheathrar saineolaithe i mbun gníomhaíochtaí comhphróiseála; tacaíocht sa réimse COI — rinne 1 fhoireann a bhí comhdhéanta de thriúr saineolaithe ráiteas misin agus plean oiliúna cuimsitheach a dhréachtú). Tar éis an fhoireann tacaíochta speisialta de chuid EASO a imscaradh chuig an gCoimisiún Náisiúnta Tearmainn, deimhníodh an t-ainm ar aonad COI na hIodáile agus forbraíodh formáid chomhchoiteann le haghaidh freagraí a tháirgeadh ar cheisteanna ar chúrsaí COI. Chomh maith leis sin, forbraíodh rialacha inmheánacha nua maidir le conas freagraí a tháirgeadh agus ullmhaíodh treoir do bhreithiúna agus do Choimisiúin Chríche maidir le conas ábhar COI a iarraidh. Leanadh ar aghaidh le tacú le fothú acmhainní sa réimse sin go mí an Mhárta 2016.

Imscaradh beirt saineolaithe ar feadh tréimhse fadtéarmaí sa dara leath den bhliain 2015, agus iad ag díriú ar thacaíocht maidir le nós imeachta Bhaile Átha Cliath. Ba mar gheall ar obair na saineolaithe sin a bhíothas in ann gnéithe comhphróiseála a chur i bhfeidhm. Bhí na gnéithe sin bunaithe ar Lámhleabhar Nós Imeachta Aonad Iodálach Bhaile Átha Cliath, rud ar fhorbair EASO agus an Iodáil é i gcomhpháirt le chéile i mí na Bealtaine 2015.

### 4.2.2. Tacaíocht éigeandála

| **Príomhthorthaí EASO sa bhliain 2015** |
|---|
| **Tacaíocht éigeandála do 2 thír (an Ghréig, an Iodáil)** |
| **An Ghréig:**<br>**Imscaradh 11 shaineolaí, cuireadh gníomhaíocht amháin chun feidhme faoin bPlean Oibriúcháin Teophointí** |
| **An Iodáil:**<br>**Imscaradh 17 saineolaí, cuireadh 3 ghníomhaíocht chun feidhme faoin bPlean Oibriúcháin Athlonnaithe Teophointí** |
| **Athlonnaíodh 272 duine**<br>**(82 duine as an nGréig, 190 duine as an Iodáil)** |

Sa bhliain 2015, rinne EASO tuilleadh forbartha ar a chuid gníomhaíochtaí chun tacú le Ballstáit atá faoi bhrú ar leith ina gcóras tearmainn agus glactha, go háirithe trí thacaíocht a thabhairt don Bhulgáir agus don Ghréig agus trí neartú a dhéanamh ar chumas EASO freagairt ar bhealach tráthúil éifeachtach do chásanna éigeandála.

#### An Ghréig

An 30 Meán Fómhair 2015, shínigh EASO agus an Ghréig Plean Oibriúcháin Teophointí (HOP) a bheadh i bhfeidhm ar feadh tréimhse trí mhí. Imscaradh foirne tacaíochta tearmainn chuig Lesvos chun iarrthóirí féideartha athlonnaithe a shainaithint, faisnéis ábhartha faoin gclár agus faoin nós imeachta idirnáisiúnta cosanta a chur ar fáil agus iad a tharchur chuig Seirbhís Tearmainn na Gréige. An 17 Nollaig 2015, síníodh leasú lenar fadaíodh tréimhse an HOP go mí an Mhárta 2016 ar dtús agus lenar athnuadh go huathoibríoch é go dtí deireadh na bliana 2016. De réir HOP, leanfaidh foirne tacaíochta tearmainn d'fhaisnéis a chur ar fáil d'iarrthóirí féideartha athlonnaithe ar Lesvos, Samos, Chios, Leros agus Kos, iarrthóirí ar spéis leo a tharchur chuig an tSeirbhís Tearmainn, tacú leis an tSeirbhís Tearmainn sa phróiseas clárúcháin (maidir le saincheisteanna measúnaithe náisiúnta agus eisiaimh), cásanna Bhaile Átha Cliath agus cásanna athlonnaithe (lena n-áirítear an nós imeachta meaitseála) a chur isteach agus tacaíocht a chur ar fáil sa réimse um chalaois doiciméad a bhrath.

Sa bhliain 2015, ghlac 11 shaineolaí as 9 mBallstát san iomlán páirt i gcur chun feidhme a dhéanamh ar bhearta tacaíochta faoi chuimsiú an HOP leis an nGréig (Beart HEL 1 — faisnéis a chur ar fáil faoi athlonnú agus faoi tharchur chuig Seirbhís Tearmainn na Gréige). Faoi dheireadh na bliana 2015, thug saineolaithe de chuid EASO eolas do thart ar 4 000 duine agus tarchuireadh breis agus 500 duine chuig an Oifig Réigiúnach Tearmainn in Lesvos. Athlonnaíodh 82 duine as an nGréig faoi dheireadh na bliana 2015.

### An Iodáil

Agus í ag fiosrú na faisnéise a seoladh chuig NCPanna i mí na Bealtaine 2015 maidir le glaonna EASO ar shaineolaithe le haghaidh iarratais a chomhphróiseáil san Iodáil, chuaigh EASO i mbun plé le húdaráis tearmainn agus phóilíneachta na hIodáile ar phacáiste cuimsitheach tacaíochta oibríochta faoi chur chuige na dteophointí a ghlac an Coimisiún Eorpach agus chuir sé tús le gníomhaíochtaí tacaíochta athlonnaithe teophointí an 15 Meán Fómhair 2015 faoin gcreat comhair a bhí ann cheana (SSP). Ba in Lampedusa (teophointe), in Villa Sikania (mol clárúcháin) agus sa Róimh (mol clárúcháin agus tacaíocht Bhaile Átha Cliath) a cuireadh tús le treoirchéim d'athlonnú teophointí. Deimhníodh go dtabharfaí tacaíocht EASO isteach leis an réamh-shainaithint, an réamhchlárú agus an tarchur sin a dhéanfaí ar iarrataí féideartha amach ar ghabháil ar láimh faoi Rialachán Bhaile Átha Cliath, agus iad mar phríomhchéimeanna de chur chuige na dteophointí a ghlacfadh na foirne tacaíochta tearmainn de chuid EASO a imscaradh chuig an Iodáil.

An 12 Nollaig 2015, shínigh EASO agus an Iodáil Plean Oibriúcháin Athlonnaithe Teophointí (HROP) a bhí le cur chun feidhme go dtí deireadh mhí an Mheithimh 2016. Bhí féidearthacht ann go bhfadófaí an tréimhse sin freisin. Réamhbheartaítear san HROP an tacaíocht a thabharfar do theophointí agus d'athlonnú, lena n-áirítear iarrthóirí féideartha athlonnaithe a réamh-shainaithint agus faisnéis a chur ar fáil dóibh agus tacaíocht a thabhairt maidir le hiarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta a chlárú (iarrthóirí ar athlonnú go háirithe).

Sa bhliain 2015, ghlac 33 shaineolaí as 17 mBallstát san iomlán páirt i gcur chun feidhme a dhéanamh ar 3 ghníomhaíocht tacaíochta athlonnaithe teophointí san Iodáil. Athlonnaíodh 190 duine as an Iodáil faoi dheireadh na bliana 2015.

Faoi dheireadh na bliana 2015, bhí EASO gníomhach agus ag tacú leis an bpróiseas athlonnaithe teophointí in dhá réimse: Beart IT1 — Lampedusa, Villa Sikania, an Róimh, Milano: iarratais ar chosaint idirnáisiúnta a réamh-shainaithint agus a chlárú le haghaidh fothaithe acmhainní i bhfianaise an nós imeachta athlonnaithe; Beart IT2 — Aonad Bhaile Átha Cliath sa Róimh: Tacú leis na hiarrataí ar ghabháil ar láimh le haghaidh cásanna athlonnaithe.

## 4.3. Athlonnú

Ar 14 Meán Fómhair 2015 agus ar 22 Meán Fómhair 2015, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2015/1523 ([14]) agus Cinneadh (AE) 2015/1601 ([15]) faoi seach, lena mbunaítear bearta sealadacha i réimse na cosanta idirnáisiúnta ar mhaithe leis an Iodáil agus leis an nGréig. Rinne na cinntí sin difear suntasach do ghníomhaíochtaí EASO, go háirithe iad sin a bhí ar siúl san Iodáil agus sa Ghréig trí chur chuige na dteophointí, mar a thugtar air, lenar áiríodh gníomhaíochtaí arbh é ab aidhm dóibh cuidiú le hiarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta a athlonnú as an Iodáil agus as an nGréig.

Maidir le cur chun feidhme an dá chinneadh, d'fhorbair EASO gníomhaíochtaí sonracha san Iodáil agus sa Ghréig trí thacaíocht éigeandála a thabhairt agus trí iarracht a dhéanamh tacú leis an dá thír athlonnú a chur chun feidhme. Síníodh Pleananna Oibriúcháin Teophointí leis an dá thír agus imscaradh foirne tacaíochta tearmainn chun gníomhaíochtaí a chur chun feidhme faoi chur chuige na dteophointí (féach thuas faoi I.4.2.2). Faoi dheireadh na bliana 2015, athlonnaíodh 190 duine as an Iodáil agus athlonnaíodh 82 duine as an nGréig.

D'ofráil EASO comhairle a chur ar an Iodáil agus ar an nGréig maidir lena bhfoirmeacha clárúcháin le haghaidh iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a fheabhsú agus a chomhlánú d'fhonn riachtanais na scéime athlonnaithe a chomhlíonadh. Cheap EASO an nós imeachta Athlonnaithe do Bhallstáit chun eolas a thabhairt faoin líon daoine atá le hathlonnú agus faoi na roghanna agus faoin acmhainn atá acu maidir le daoine lena mbaineann leochaileacht ar leith a ghlacadh. Bhunaigh EASO an liosta de NCPanna le haghaidh athlonnaithe agus coimeádann sé an liosta sin ar bun. Ina theannta sin, d'fhorbair EASO bileog faisnéise faoi athlonnú agus chuir sé comhairle ar gheallsealbhóirí eile faoin straitéis cumarsáide.

Leanann EASO ar aghaidh ag obair i gcomhar leis an gCoimisiún, le gníomhaireachtaí ábhartha eile AE agus le húdaráis na hIodáile agus na Gréige i dtaca le feabhsú buan na bpróiseas athlonnaithe sa réimse sin. Tá EASO ag forbairt uirlisí is féidir a úsáid chun cabhrú le saineolaithe de chuid na mBallstát agus gníomhairí de chuid údaráis na hIodáile agus na Gréige sna réimsí seo: rochtain ar an nós imeachta tearmainn, measúnú leochaileachta, seiceáil náisiúntachta agus eisiamh. Leathnaigh EASO a bailiú sonraí faoin gCóras Luathrabhaidh agus Ullmhachta (EPS) chuig an nós imeachta Athlonnaithe.

De bhreis ar na gníomhaíochtaí lena spriocdhírítear ar an Iodáil agus ar an nGréig, ghlac EASO páirt sa bhliain 2015 i dtrí Fhóram maidir le hathlonnú agus le hathshocrú de chuid an Choimisiúin Eorpaigh agus d'eagraigh sé dhá chruinniú comhair phraiticiúil taobh leis na Fóraim sin.

([14]) Cinneadh (AE) 2015/1523 ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2015 lena mbunaítear bearta sealadacha i réimse na cosanta idirnáisiúnta ar mhaithe leis an Iodáil agus leis an nGréig, IO L 239, 15.9.2015, lgh. 146-156.

([15]) Cinneadh (AE) 2015/1601 ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2015 lena mbunaítear bearta sealadacha i réimse na cosanta idirnáisiúnta ar mhaithe leis an Iodáil agus leis an nGréig, IO L 248, 24.9.2015, lgh. 80-94.

## 4.4. Gníomhaíochtaí comhphróiseála

Sa bhliain 2015, thug EASO faoi roinnt treoirthionscadal ar chomhphróiseáil, go háirithe iad sin faoi chuimsiú chreat Thascfhórsa na Meánmhara. Tar éis an eispéiris sin, d'fhéach EASO sa bhliain 2015 le measúnú a dhéanamh ar na tionscadail agus lámhleabhar ar chomhphróiseáil a dhréachtú. Ina theannta sin, ullmhaíodh gníomhaíochtaí breise comhphróiseála sa bhliain 2014. Seoladh agus cuireadh i gcrích iad sa bhliain 2015: An Treoirthionscadal um iarratais ar thearmann (an Pholainn mar thír óstach; cuireadh i gcrích é i mí Feabhra); an Treoirthionscadal um Chinntí Tearmainn (an Ísiltír mar thír óstach; cuireadh i gcrích é i mí an Mhárta); an Treoirthionscadal um measúnú leochaileachta (an Ríocht Aontaithe mar thír óstach; cuireadh i gcrích é i mí an Mheithimh).

Chuir EASO tús le measúnú a dhéanamh ar an toradh ar na treoirthionscadail chomhphróiseála ansin. Eagraíodh dhá cheardlann phraiticiúla ar ghlac saineolaithe a imscaradh i bhfoirne tacaíochta comhphróiseála páirt iontu. Tuarascáil ó EASO ar ghníomhaíochtaí comhphróiseála agus lámhleabhar ó EASO ar chomhphróiseáil, rinneadh iad a dhréachtú agus a thabhairt chun críche mar thoradh ar na cruinnithe sin.

I gcomhthéacs na géarchéime imirce, sheol EASO tuilleadh gníomhaíochtaí mórscála comhphróiseála san Iodáil agus sa Ghréig sa bhliain 2015 (féach thuas faoi I.4.2.2).

## 4.5. Sineirgí idir an tearmann agus an imirce

Féachann EASO le comhleanúnachas a chothú i ngníomhaíochtaí i réimsí an tearmainn agus na himirce a chur chun feidhme, go háirithe na gníomhaíochtaí sin sa réimse um fhilleadh ar ais na n-iarrthóirí tearmainn ar diúltaíodh dá n-iarratas. Cuid dhílis de chóras éifeachtach tearmainn is ea an ghné sin. Féachann EASO freisin le fiosrú a dhéanamh ar na féidearthachtaí a bhaineann le faisnéis agus dea-chleachtais a mhalartú chun príomhshruthú a dhéanamh, i ndlúthchomhar le Grúpa Saineolaithe Fillte Ghréasán Imirce na hEorpa (EMN REG), ar ghnéithe atá ábhartha d'iarrthóirí tearmainn ar diúltaíodh dá n-iarratas a fhilleadh ar ais.

Sa bhliain 2015, ghlac EASO páirt i gcruinnithe ábhartha maidir le filleadh. Ba iad EMN REG, an Líonra Eorpach um Ionstraimí Ath-imeasctha (ERIN), Frontex agus an Comhthionscnamh Tacaíochta um Fhilleadh a d'eagraigh na cruinnithe sin. Rinneadh an chéad chruinniú ar an bpróiseas tar éis diúltú d'iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a chur siar go dtí an chéad ráithe den bhliain 2016.

## 4.6. Glacadh agus imeascadh

Chuir EASO tús sa bhliain 2014 lena acmhainn inmheánach a fhorbairt maidir le tacaíocht a chur ar fáil ar chórais ghlactha agus ar dhálaí glactha sna Ballstáit. Chuige sin, rinneadh forbairt ar shineirgí le líonraí saineolaithe ábhartha sa réimse sin, go háirithe le hArdán Eorpach na nGníomhaireachtaí um Ghlacadh (EPRA).

Reáchtáladh cruinniú saineolaithe comhair phraiticiúil ar chórais ghlactha agus ar dhálaí glactha le EPRA i Málta i mí an Mheithimh 2015. I mí na Nollag 2015, ghlac EASO páirt i lánchruinniú EPRA sa Bhruiséil agus rinne sé na chéad torthaí ar bhailiú sonraí EASO faoi ghlacadh agus ar threoir-oiliúint an mhodúil um Ghlacadh a chur i láthair.

Tosaíodh bailiú sonraí faoi ghlacadh mar chuid de chéim III den EPS (féach thíos faoi I.5.3).

Anuas air sin, tá lámhleabhar ar phleanáil theagmhasach á fhorbairt ag EASO. Cuimseofar ann treoir dea-chleachtais i mBallstáit AE le haghaidh plean teagmhasach a chur le chéile chun déileáil le sreafaí móra díréireacha imirce. Tá an lámhleabhar bunaithe ar shracphlean teagmhasach ar fhorbair EASO é cheana. Tugtar léiriú sa sracphlean ar na bearta a d'fhéadfadh Ballstáit a dhéanamh i gcás éigeandála. Reáchtáladh cruinniú saineolaithe amháin sa bhliain 2015 le haghaidh an lámhleabhar a fhorbairt. Déanfar é a thabhairt chun críche agus a fhoilsiú sa bhliain 2016 tar éis do EASO dréachtú breise a dhéanamh air agus tar éis do shaineolaithe na mBallstát sa phríomhghrúpa é a dheimhniú. Sa bhliain 2015, rinne EASO, Éire agus na Ballstáit eile anailís ar na freagraí a tugadh i gCeistneoir sonrach a d'eisigh Gréasán Imirce na hEorpa (EMN) ar an ábhar sin. Comhaontaíodh go spreagfadh forbairt an lámhleabhair sin sa CEAS comhar praiticiúil agus malartú dea-chleachtas, go soláthródh sé uirlisí teagmhasacha comhchoiteanna do na Ballstáit sin nach bhfuil pleanáil theagmhasach curtha i bhfeidhm acu go fóill agus go dtabharfadh sí treoir le haghaidh pleananna teagmhasacha náisiúnta atá ann cheana a bhreisiú.

Maidir le himeascadh, iarradh ar EASO den chéad uair riamh freastal ar chruinniú de chuid na bPointí Teagmhála Náisiúnta ar Imeascadh (NCPI) i mí an Mhárta 2015 chun faisnéis faoin ngníomhaireacht a chur i láthair agus tuairimí a mhalartú le NCPInna. Fuarthas réamh-aiseolas ó Bhallstáit ar rannpháirtíocht a d'fhéadfadh a bheith ag EASO sa réimse sin.

Ina theannta sin, beidh EASO ag déanamh forbartha ar thionscnaimh atá ann cheana agus, de réir an Chláir oibre Eorpaigh maidir leis an Imirce, forbróidh sé an líonra AE+ um ghlacadh dá cuid.

# 5. Tacaíocht faisnéise agus anailíse

## 5.1. Córas Faisnéise agus Cáipéisíochta


Sa bhliain 2014, chuir EASO tús le comhchóras bainistíochta inneachair agus bunachar sonraí — an Córas Faisnéise agus Cáipéisíochta (IDS) — a fhorbairt i riocht uirlis TF lena soláthrófaí mion-fhorbhreathnú suas chun dáta ar fheidhmiú praiticiúil an CEAS. Beartaítear go mbeidh IDS mar leabharlann inchuardaithe lena soláthrófar forbhreathnú cuimsitheach ar an dóigh a gcomhlíontar gach príomhchéim den phróiseas tearmainn i dtíortha aonair AE+. Áirítear na nithe seo leis na príomhghnéithe sin: rochtain ar nós imeachta, iarratas ar chosaint idirnáisiúnta, nósanna imeachta Bhaile Átha Cliath, cinneadh ag an gcéad chéim, cinneadh ag an dara céim, glacadh agus coinneáil, filleadh agus inneachar cosanta/imeasctha. Beartaítear líonra IDS de shaineolaithe Ballstát a bhunú chun an fhaisnéis san IDS a bhailíochtú agus a nuashonrú ar bhonn rialta ionas gur féidir le húsáideoirí cleachtais tearmainn ar fud AE a fhiosrú, a chur i gcomparáid le chéile agus anailís a dhéanamh orthu.

Bhunaigh EASO treoirleagan den IDS, rud a cuireadh i láthair an Bhoird Bhainistíochta agus an Fhóraim Chomhchomhairligh. Leanadh d'fhorbairt an chórais sa bhliain 2015, tráth a tugadh struchtúr agus feidhmiúlachtaí na huirlise chun críche. Chuir EASO inneachar tosaigh isteach lena gclúdaítear na príomhchéimeanna den phróiseas tearmainn i ngach tír AE+. Le linn dó déanamh amhlaidh, chuir sé na nithe seo san áireamh: faisnéis a bailíodh i bhfoinsí, amhail Maitrís cháilíochta EASO, tuarascálacha ón EMN, ionchuir sa Tuarascáil Bhliantúil ar Staid an Tearmainn (lena n-áirítear ionchuir ó UNHCR agus ón tsochaí shibhialta), agus faisnéis ó shuíomhanna gréasáin náisiúnta agus ó bhunachair shonraí náisiúnta. Reáchtáladh cruinniú le líonra comhaltaí cúirte agus binse EASO chun comhtháthú an chásdlí náisiúnta isteach san IDS a phlé. Sa deireadh, reáchtáladh cruinniú tosaigh de chuid an líonra IDS (ar fhreastail ionadaithe as 16 thír AE+ air) in oifigí EASO i mí Eanáir 2016. Leanfaidh an líonra ar aghaidh ag bailíochtú an inneachair IDS chun cruinneas na faisnéise arna stóráil a chinntiú agus chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar chóras.

## 5.2. An Tuarascáil Bhliantúil ar Staid an Tearmainn in AE 2014

Sa bhliain 2015, d'fhoilsigh EASO an ceathrú tuarascáil tagartha bhliantúil uaidh: "An tuarascáil bhliantúil ar staid an tearmainn san Aontas Eorpach 2014" ([16]). Tugadh forbhreathnú cuimsitheach sa tuarascáil ar staid an tearmainn in AE trí iarrataí ar chosaint idirnáisiúnta a rinneadh chuig AE a scrúdú, trí anailís a dhéanamh ar shonraí faoi iarratais agus faoi chinntí agus trí dhíriú ar chuid de na tíortha tionscnaimh ba thábhachtaí arbh as na hiarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta dóibh. Díríodh sa tuarascáil go sonrach ar thrí shreabhadh tearmainn a chuir béim ar shaintréithe andifriúil na n-iarratasóirí ar thearmann in AE: an tSiria, Cónaidhm na Rúise agus tíortha na mBalcán Thiar.

Cuireadh béim ar leith sa tuarascáil freisin ar mhórfhorbairtí maidir le beartais AE/náisiúnta, le hathruithe reachtaíochta agus leis an dlíeolaíocht. Faoi chuimsiú Rialachán 862/2007, ba é Eurostat príomhfhoinse na sonraí staidrimh a úsáideadh don tuarascáil bhliantúil. Chun sonraí ar ardchaighdeán a chinntiú, téann EASO i gcomhairle le Eurostat maidir le comhlíonadh, meabhrú agus comhsheasmhacht na dtacar sonraí a fhoilsítear ar a suíomh gréasáin. Leis na sonraí ar bhailigh EASO iad tríd an gcóras bailithe sonraí EPS, cuireadh faisnéis bhreise ar fáil lena húsáid sa tuarascáil mar thaca leis an anailís atá ann cheana agus le tagairtí staidrimh a leathnú sna rannáin théamacha. Ina theannta sin, thug gach ceann de na Ballstáit, UNHCR agus 15 cinn d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta ionchur sa tuarascáil.




Ghlac Bord Bainistíochta EASO an tuarascáil bhliantúil an 8 Meitheamh 2015 agus seoladh í don phobal sa Bhruiséil an 8 Iúil 2015 le linn comhdhála a bhí oscailte do Bhallstáit agus don tsochaí shibhialta agus ar fhreastail thart ar 120 rannpháirtí uirthi. D'fhonn a scaipeadh forleathan a chur chun cinn, aistríodh an tuarascáil go 5 theanga (EN, FR, ES, DE, IT).

([16]) https://easo.europa.eu/wp-content/uploads/EASO-Annual-Report-20142.pdf

## 5.3. Córas Luathrabhaidh agus Ullmhachta (EPS)

| Príomhthorthaí EASO sa bhliain 2015 |
|---|
| 4 thuarascáil ráithiúla |
| Foilsíodh 12 thuairisc anailíse mhíosúla ar threochtaí laistigh de 10 lá |
| 12 léargas mhíosúla |
| 10 n-ionchur i nuachtlitir EASO ar na treochtaí tearmainn is déanaí (poiblí) |
| 12 thuairisc sheachtainiúla forbhreathnaithe ar staid an tearmainn in AE+ (ó Sheachtain 40 i leith) |
| 4 thuarascáil ar an Iar-Shásra faireacháin ar léirscaoileadh víosaí (PVLMM) (ó mhí Iúil 2015 i leith) |
| 3 chruinniú de chuid an líonra GPS |
| Cuireadh tús le tuairiscí seachtainiúla athlonnaithe i mí Dheireadh Fómhair 2015 |
| Cuireadh tús le táscairí Chéim III den EPS i mí Mheán Fómhair 2015 (Rochtain ar nós imeachta, Rialachán Bhaile Átha Cliath, glacadh, filleadh) |
| 7 gcinn d'anailísí riosca *ad hoc* agus de thuarascálacha ina leith |
| Cuireadh tús le clár taighde EASO ar thosca brú agus tarraingthe san imirce a bhaineann le tearmann |

Lean EASO den bhailiú sonraí faoina Córas Luathrabhaidh agus Ullmhachta (EPS). Le hAirteagal 33 de Rialachán athmhúnlaithe Bhaile Átha Cliath, beartaítear go mbunófar sásra Eorpach le haghaidh luathrabhaidh, ullmhachta agus bainistíochta géarchéime agus go mbeidh ról tábhachtach ag EASO i bhfaisnéis a chur ar fáil. Sa chreat sin, ceaptar Córas Luathrabhaidh agus Ullmhachta (EPS) EASO chun a bheith ina chuid dhílis den sásra sin agus is é an aidhm atá leis faireachán atá cruinn, tráthúil agus iomlán a dhéanamh ar fheidhmiú praiticiúil an CEAS trí shonraí oibríochta a bhailiú go tráthúil. Na 28 mBallstát den Aontas Eorpach, an Iorua agus an Eilvéis, ar tíortha iad ar a dtugtar na tíortha AE+, cuireann siad sonraí ar fáil do EASO gach mí laistigh de 15 lá féilire tar éis dheireadh na míosa tagartha.

De réir an phróisis chomhaontaithe, meastar go leanfar le forbairt an EPS de réir a chéile ina chéimeanna. Ullmhaíodh seoladh Chéim III den EPS sa bhliain 2015. Cuireadh tús le bailiú sonraí le haghaidh Chéim III an 15 Meán Fómhair 2015. Áirítear leis na táscairí breise cásanna a bhí dúnta ar shlí eile, rochtain ar nós imeachta, glacadh, filleadh agus Rialachán Bhaile Átha Cliath. Cé gur chuir formhór na stát roinnt sonraí ar fáil le haghaidh Chéim III ó cuireadh ar siúl í, bhí deacrachtaí ag stáit eile, mar a bhíothas ag súil leis, maidir le faisnéis a cur ar fáil faoi roinnt táscairí mar go raibh am ag teastáil chun córais náisiúnta TF a choigeartú agus chun comhordú náisiúnta a chur i bhfeidhm ós rud é gur ghá cuid den fhaisnéis a fháil ó ghníomhaireachtaí/aireachtaí eile. Meastar, dá bhrí sin, go méadófar an leibhéal comhlíonta de réir a chéile sa bhliain 2016. Bhain an leibhéal ab airde comhlíonta le cásanna a bhí dúnta ar shlí eile, le Rialachán Bhaile Átha Cliath agus le glacadh. Mar sin féin, bhí sé ródheacair do roinnt stát sonraí a chur ar fáil faoi rochtain ar nós imeachta agus faoi fhilleadh.

Sa bhliain 2015, d'eisigh EASO 12 thuairisc anailíse mhíosúla ar threochtaí, 12 léargas mhíosúla, 3 thuairisc ráithiúla ([17]) agus 7 dtuarascáil *ad hoc* (i.e. nótaí luathrabhaidh, an t-eolas is deireanaí ar an staid agus measúnachtaí tionchair). Cé gurbh amhlaidh go raibh teorainn nó srianadh AE ag baint le roinnt de na cáipéisí agus gur seoladh iad chuig na Comhaltaí den Bhord Bainistíochta, chuir EASO 10 n-ionchur ar na treochtaí tearmainn is déanaí ar fáil

do nuachtlitir EASO, doiciméad poiblí a scaiptear go leathan. D'fhoilsigh EASO ceithre thuarascáil ar an iar-shásra faireacháin ar léirscaoileadh víosaí ó mhí Iúil 2015 ar leith. Chomh maith leis sin, chuir EASO tús i seachtain 40 le tuairiscí seachtainiúla forbhreathnaithe ar staid an tearmainn in AE+ a fhoilsiú d'fhonn faisnéis nuashonraithe thráthúil a chur ar fáil faoin ngéarchéim imirce. Foilsíodh 12 thuairisc sheachtainiúla sa bhliain 2015 le haghaidh úsáide teoranta.

Sa bhliain 2015, rinne EASO roinnt tuarascálacha *ad hoc* a tháirgeadh agus/nó a nuashonrú. Nuashonraíodh na tuarascálacha ar an Úcráin agus ar an Eiritré freisin. Táirgeadh tuarascáil ar léirscaoileadh víosaí don Úcráin. Rinneadh Anailís Riosca ar Léirscaoileadh Víosaí don Tuirc a tháirgeadh agus a nuashonrú le linn na bliana. Anuas air sin, nuashonraíodh anailís riosca ar léirscaoileadh víosaí don tSeoirsia freisin. Nuashonraíodh na hiarratasóirí ar thearmann as na Balcáin Thiar: anailís chomparáideach ar na treochtaí, ar na tosca brú agus tarraingthe agus ar na freagairtí.

Eagraíodh 3 chruinniú le baill den GPS. Bhí an chéad chruinniú dírithe ar a indéanta atá togra Chéim III a phlé, bhí an dara cruinniú dírithe ar chur chun feidhme tháscairí Céim III a phlé agus bhí an tríú cruinniú dírithe ar an gcéad soláthar sonraí faoi Chéim III den bhailiú sonraí.

D'fhonn tuiscint fheabhsaithe a ghnóthú ar an bplódú isteach tearmainn agus, dá bhrí sin, feabhas a chur ar cháilíocht na n-anailísí agus ar acmhainní le haghaidh cásanna réamhbhreathnaitheacha a fhorbairt, chuir EASO tús le clár taighde ar na tosca brú agus tarraingthe a bhaineann leis an imirce "éigeantais". Pléadh an smaoineamh le linn roinnt cruinnithe Ballstát agus, mar thoradh ar an tacaíocht fhairsing a léiríodh, cuireadh gníomhaíocht shonrach ar áireamh i rannán 4.3 de

([17]) https://easo.europa.eu/asylum-trends-analysis/quarterly-report/

chlár oibre 2015. Ba cheart gurbh as an gclár taighde a d'fhorbrófaí samhail atá bailíochtaithe go heimpíreach, ar samhail í lena mionsonrófaí an tábhacht choibhneasta a bhaineann leis na príomhthosca éagsúla brú agus tarraingthe maidir leis an imirce atá bainteach leis an tearmann a dhéanamh amach le haghaidh gnáthshreafaí áirithe. Ball foirne ag an leibhéal riachtanach atá tiomnaithe go lánaimseartha don chlár a bhainistiú, d'earcaigh EASO é i mí Dheireadh Fómhair 2015 agus oibríonn sé sa Lárionad Faisnéise, Cáipéisíochta agus Anailíse.

Mar thoradh ar a chasta atá an t-ábhar, deartar an tionscadal mar chlár cuimsitheach ilbhliantúil mórscála a chuirfear chun feidhme de réir a chéile. Ós rud é nach ag EASO atá na hacmhainní daonna a theastaíonn chun Clár Taighde chomh fairsing sin a reáchtáil go hinmheánach, cuireadh bearta le haghaidh seirbhísí taighde amach ar thairiscint phoiblí d'fhonn an obair a dhéanamh agus na bunspriocanna inghnóthaithe a bhaint amach. Maidir leis an gcéad bheart, rud lenar bhain athbhreithniú litríochta lena sainaithneofaí gach ceann de na tosca suntasacha brú agus tarraingthe, cuireadh amach ar tairiscint é i mí Mheán Fómhair agus bronnadh é i mí Dheireadh Fómhair 2015. Maidir leis an dara beart, rud lenar bhain suirbhé modheolaíoch ar shamhlacha eimpíreacha imirce atá ann cheana, eisíodh é i mí na Nollag 2015. Fuarthas ceithre thogra bhailí agus bhí sé beartaithe tosú ar iad a mheas i mí Eanáir 2016.

Mar chuid den iarracht tuiscint fheabhsaithe ar shreafaí tearmainn a ghnóthú agus a sainordú a chomhlíonadh mar chomhlacht AE a chuireann Faisnéis faoin Tír Thionscnaimh (COI) ar fáil do Bhallstáit agus do gheallsealbhóirí institiúideacha eile, seoladh i Ráithe 3-4 treoirthionscadal le haghaidh faisnéis cháilíochtúil atá ábhartha do thosca brú i mórthíortha tionscnaimh a bhailiú agus a anailísiú go seachtrach. Is éard a bheidh san aschur ná tuairiscí míosúla faisnéise tíre do thrí thír ar feadh 6 mhí. Cuirfear iad le táirgí anailíseacha EASO agus le taighde ar chúrsaí COI. Dáilfear iad ar líonraí teagmhálaithe lasmuigh de EASO freisin. Bronnadh an tairiscint le haghaidh tuairiscí faisnéise tíre i mí na Samhna 2015. Cuireadh tús leis an obair ullmhúcháin i mí na Nollag 2015 agus soláthrófar na tuairiscí ó mhí Eanáir 2016 i leith.

# 6. Tacaíocht tríú tír

Tá tacaíocht tríú tír EASO ar aon dul le straitéis gníomhaíochta seachtraí EASO ([18]), rud atá ag teacht leis na beartais agus leis na tosaíochtaí foriomlána AE um chaidreamh seachtrach, go háirithe leis an gcur chuige domhanda i leith na himirce agus na Soghluaisteachta, le Beartas Comharsanachta na hEorpa (ENP), agus leis an straitéis um méadú an AE. Tá straitéis agus gníomhaíochtaí EASO sa réimse seo bunaithe ar an tuiscint go bhfuil idircheangal dlúth ann idir na gnéithe inmheánacha agus na gnéithe seachtracha den imirce agus den tearmann araon. Dá bhrí sin, ní féidir aghaidh éifeachtach a thabhairt ar an imirce ná ar an tearmann gan comhar le tríú tíortha a chur san áireamh.

## 6.1. An ghné sheachtrach

Is é an aidhm atá le hobair EASO ná cur le gné sheachtrach an CEAS a chur chun feidhme i gcomhaontú leis an gCoimisiún Eorpach agus faoi chuimsiú bheartas AE um chaidreamh seachtrach.

Sa chomhthéacs sin, ghlac EASO páirt i dtionscadal arna mhaoiniú ag an Ionstraim Eorpach um Chomharsanacht agus um Chomhpháirtíocht (ENPI) a bhain le rannpháirtíocht na hIordáine in obair EASO chomh maith le rannpháirtíocht na Túinéise agus Mharacó in obair EASO agus Frontex. Tosaíodh ar an tionscadal a chur chun feidhme an 1 Márta 2014 agus fadaíodh é ina dhiaidh sin go dtí deireadh mhí an Mheithimh 2016. Leis an gcur chun feidhme sin, cuirtear le tuiscint níos fearr ar fheidhm, ar oibríochtaí agus ar ghníomhaíochtaí EASO agus Frontex agus ar an ról a imríonn na Ballstáit AE ina leith. Déantar measúnú sa tionscadal ar riachtanais na hIordáine, Mharacó agus na Túinéise maidir le tacaíocht theicniúil agus ar a oiriúnaí a bheadh uirlisí EASO agus Frontex dá gcur in oiriúint. Is iad spriocghrúpaí ghníomhaíochtaí an tionscadail ná údaráis bhainistíochta tearmainn agus teorann, ar údaráis iad a bhfuil freagrachtaí oibríochta orthu (lena n-áirítear na hAireachtaí Gnóthaí Eachtracha, na hAireachtaí Gnóthaí Baile agus na hAireachtaí Ceartais) agus iad siúd a dhéanann gníomhaíochtaí tacaíochta (amhail malartú faisnéise, fothú acmhainní, comhar idirnáisiúnta agus gníomhaíochtaí dlí).

Leanadh de chur chun feidhme an tionscadail sa bhliain 2015. Cuireadh 14 ghníomhaíocht san iomlán chun feidhme sa bhliain 2015. Áiríodh leo 3 chuairt staidéir a thug oifigigh de chuid na dtíortha ar an Spáinn, ar an Ríocht Aontaithe agus ar an bhFrainc; seimineár d'Airí Parlaiminte Mharacó; seimineár téamach san Iordáin; agus 2 chuairt allamuigh a thug EASO ar an Iordáin agus ar an Túinéis. Ghlac oifigigh ó na trí spriocthír páirt in oiliúint don oiliúnóir sa CEAS i Málta agus ghlac siad páirt freisin i gcúrsaí oiliúna de chuid EASO i gcuimsiú, in eisiamh, i measúnú fianaise agus i dteicnící agallaimh.

Ina theannta sin, chuir EASO gníomhaíochtaí chun feidhme maidir le líonra gné seachtraí EASO, rud a bunaíodh sa bhliain 2014 chun cumarsáid a phríomhshruthú agus faisnéis a chomhroinnt leis na Ballstáit, leis an gCoimisiún Eorpach, leis an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí, le Gníomhaireachtaí ábhartha Ceartais agus Gnóthaí Baile (CGB) agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha. D'eagraigh EASO 2 chruinniú gné seachtraí agus ceardlann amháin ar scileanna cumarsáide sa ghné sheachtrach. Ba é saineolaí seachtrach ar chumarsáid ilchultúrtha a d'éascaigh an cheardlann. Bhí sé mar chuspóir léi tuilleadh forbartha a dhéanamh ar na scileanna cumarsáide ilchultúrtha atá ag saineolaithe a imscartar sa ghné sheachtrach. Clúdaíodh roinnt réimsí nua agus tugadh teicnící nua i gcumarsáid thraschultúrtha agus léargas uirthi do na saineolaithe.

Mar chuid dá shainordú gné seachtraí, d'eagraigh EASO dhá cheann de cheardlanna agus de chúrsaí oiliúna réigiúnacha. Sa chúrsa oiliúna i Vín, pléadh Measúnú Fianaise agus bhí náisiúnaigh thríú tír, go háirithe iad sin as na Balcáin Thiar agus as an Túinéis, ar an gcohórt ba mhó rannpháirtithe. Ba iad oifigigh as an Éigipt, as an Iordáin, as an Liobáin, as Maracó agus as an Túinéis a d'fhreastail ar an gcúrsa oiliúna in Iostanbúl, rud a bhí dírithe ar náisiúnaigh thríú tír amháin agus inar pléadh Cuimsiú, Teicnící Agallaimh agus Measúnú Fianaise, nithe atá ar na trí phríomh-mhodúl oiliúna de chuid EASO. De bhreis air sin, i gcásanna ina raibh fáil ar áiteanna, d'fhreastail oifigigh as tíortha na mBalcán Thiar ar roinnt cúrsaí oiliúna a reáchtáil EASO i Málta, sa Bhruiséil agus i dTaillinn. Seoladh aistriúcháin ar Sheisiúin Oiliúna EASO go Cróitis (an modúl i dTeicnící Agallaimh); go Fraincis (an modúl sa CEAS); agus go hAraibis (Lámhleabhair etc. de chuid EASO).

Choinnigh EASO ar an eolas sa bhliain 2015 faoi fhorbairtí i mBealach na mBalcán Thiar. Chuir EASO na gníomhartha seo a leanas i bhfeidhm mar fhreagairt don ráiteas a glacadh ag an gCruinniú Ceannairí ar shreafaí dídeanaithe feadh Bhealach na mBalcán Thiar: ainmníodh teagmhálaí EASO sa Lárionad um Thacaíocht Oibríochta; forbraíodh dréachtleagan/leagan inmheánach de Phlean Gníomhaíochta de chuid EASO; eagraíodh misin chuig tíortha sna Balcáin Thiar (Poblacht Iar-Iúgaslavach na Macadóine agus an tSeirbia) le haghaidh cruinnithe le húdaráis; rannpháirtíocht agus ionchur sna físchomhdhálacha rialta leis na tíortha feadh Bhealach

([18]) https://easo.europa.eu/wp-content/uploads/EASO-External-Action-Strategy.pdf

na mBalcán Thiar agus le geallsealbhóirí eile a ndearna Comh-aireacht an Uachtaráin Juncker cathaoirleacht orthu agus forbhreathnuithe seachtainiúla ar staid an tearmainn agus ar na treochtaí tearmainn is déanaí.

Sa deireadh, lean EASO dá chuid gníomhaíochtaí chun tacú le cur chun feidhme na gClár um Fhorbairt agus Chosaint Réigiúnach (RDPPanna). Ghlac EASO páirt i misin RDPP na hAfraice Thuaidh chuig Maracó, chuig an Túinéis agus chuig an Ailgéir. Tá ról aici freisin sa tascfhórsa do RDPP na hAfraice Thuaidh. D'fhreastail EASO ar chruinniú an Choiste Stiúrtha de chuid RDPP na hAfraice Thuaidh an 20 Deireadh Fómhair 2015 agus chuir sí togra tionscadail isteach faoi chreat RDPP na hAfraice Thuaidh tar éis di dul i gcomhairle leis na Ballstáit AE. Tá togra tionscadail EASO ag fanacht leis an bhfáil ar chistiú fós. Chomh maith leis sin, d'fhreastail EASO ar Chruinniú Mullaigh Vaileite an 11-12 Samhain 2015. Mar thoradh air sin, aithníodh é a bheith ina ghníomhaí ábhartha maidir le fothú acmhainní, lena náirítear oiliúint, a chur ar fáil do thíortha tionscnaimh, tíortha idirthurais agus tíortha cinn scríbe.

## 6.2. Athshocrú

I réimse an athshocraithe, tá EASO ag iarraidh ról comhordaithe a imirt i bhfaisnéis agus i ndea-chleachtas a mhalartú i measc na dtíortha AE+ agus i ngníomhartha eile freisin. I gcomhar le UNHCR agus le IOM, tá sé mar aidhm ag EASO comhordú a chun cinn idir tíortha AE+ maidir le spriocanna comhaontaithe athshocraithe a bhaint amach, ní amháin i ndáil le hiarratais ach i ndáil le himeachtaí iarbhír chuig AE freisin. Oibríonn EASO i ndlúthchomhar i réimse an athshocraithe le UNHCR agus leis an IOM agus tá sé mar aidhm aici ról AE a neartú sa réimse seo.



**Seisiún faisnéise don phreas ar imeall Chruinniú Mullaigh Vaileite, 2016.**



**Treochtaí imirce á léirmhíniú ag Anailísithe Sonraí EASO.**



**Volker Türk, an tArd-Choimisinéir Cúnta um Chosaint, UNHCR, le linn Chomhdháil 5 Bliana EASO.**

Ar aon dul leis an gcuspóir sin, d'fhorbair EASO togra sa bhliain 2015 le haghaidh sonraí agus faisnéis oibríochtúil a bhailiú faoi athshocrú. Seoladh an togra chuig tíortha AE+ i mí na Nollag 2015 lena gcuid tuairimí a fháil agus cuireadh tús le sonraí a bhailiú go luath sa bhliain 2016.

Ina theannta sin, rinne EASO plé ag cruinniú oiliúna NCP i mí na Bealtaine 2015 ar an bhféidearthacht a bhaineann le huirlis oiliúna ar athshocrú a fhorbairt. Tar éis dul i gcomhairle le Ballstáit, tugadh tosaíocht d'uirlisí oiliúna a fhorbairt le haghaidh réimsí eile sa bhliain 2015. Réimse spéise i dtaca le gníomhaíochtaí oiliúna sna blianta le teacht a bheidh in athshocrú go fóill. Is é EASO a fhorbróidh na gníomhaíochtaí go díreach nó forbrófar iad i gcomhpháirt le gníomhaithe ábhartha.

Ghlac EASO páirt ghníomhach sa 3ú Fóram maidir le hathlonnú agus le hathshocrú agus reáchtáil sé ceardlann ar athshocrú inar díríodh ar thíortha nua athshocraithe an 2 Deireadh Fómhair 2015. Cuireadh an dá imeacht sin ar siúl i ndiaidh a chéile. Ghlac EASO páirt freisin sa chéad cheardlann de chuid an tionscadail EU-FRANK ar threoraigh an tSualainn agus an Comhairliúchán Trípháirteach Bliantúil ar Athshocrú é.

# 7. Creat, líonra agus eagrú EASO

## 7.1. Bord Bainistíochta

| Príomhthorthaí EASO sa bhliain 2015 |
|---|
| **Reáchtáladh 3 chruinniú de chuid an Bhoird Bhainistíochta** |
| **Glacadh 10 gcinneadh** |

Is é an Bord Bainistíochta bord rialaithe agus pleanála EASO. Sa bhliain 2015, bhí sé comhdhéanta de 31 duine a chuimsigh comhaltaí agus breathnóirí (comhalta amháin as gach Ballstát, seachas an Danmhairg, tír ar iarradh uirthi bheith i láthair mar bhreathnóir, beirt chomhaltaí ón gCoimisiún Eorpach agus comhalta gan vóta amháin ó UNHCR). Ina theannta sin, iarradh ar ionadaithe as na tíortha comhlacha (an Íoslainn, Lichtinstéin, an Iorua agus an Eilvéis) freastal ar chruinnithe de chuid an Bhoird Bhainistíochta mar bhreathnóirí. Iarradh ar Frontex ar bhonn rialta freisin páirt a ghlacadh sna míreanna ábhartha de chruinnithe de chuid an Bhoird Bhainistíochta, go háirithe na míreanna sin a bhain le staid an tearmainn in AE agus leis an gCóras Luathrabhaidh agus Ullmhachta.

Eagraíodh 3 chruinniú de chuid an Bhoird Bhainistíochta sa bhliain. Bhí siad ar siúl i mí an Mhárta, i mí an Mheithimh agus i mí Mheán Fómhair 2015. Sa chruinniú dá chuid i mí an Mheithimh, roghnaigh an Bord Bainistíochta an tUas. David Costello, an comhalta as Éirinn, mar Leas-Chathaoirleach ar an mBord.

Le linn na bliana 2015, ghlac an Bord Bainistíochta na cáipéisí agus na cinntí seo a leanas:

— Glacadh bhuiséad EASO don bhliain 2015;
— Athbhreithniú ar Chinneadh Uimh. 8 ó na Ballstáit ar phróifílí agus ar líon iomlán na saineolaithe a chuirfí ar fáil do na foirne tacaíochta tearmainn (AIP);
— Leasuithe 1 agus 2 ar Chlár Oibre EASO 2015;
— An Clár Oibre 2016;
— Leasú 1 ar Chlár Oibre EASO 2016;
— Buiséad EASO 2016 agus Plean Bunaíochta EASO 2016;
— An Tuarascáil Ghinearálta Bhliantúil 2014;
— An Tuarascáil Chomhdhlúite Bhliantúil ar Ghníomhaíochtaí 2014;
— An Tuarascáil Bhliantúil ar Staid an Tearmainn in AE 2014;
— Tuairim ón mBord Bainistíochta maidir leis na Cuntais Bhliantúla Deiridh don bhliain airgeadais 2014.

Lean Bord Bainistíochta EASO sa bhliain 2015 dá phlé straitéiseach ar bhainistíocht phraiticiúil an CEAS, lena n-áirítear maidir le comhphróiseáil, rátaí aitheantais, an plean gníomhaíochta 10 bpointe agus an Clár Oibre Eorpach maidir leis an Imirce, diaspóraí agus téamaí éagsúla atá bainteach le staid an tearmainn in AE. Pléadh treochtaí, dúshláin agus dea-chleachtais i measc Comhaltaí agus Ionadaithe.

Phléigh an Bord Bainistíochta an dul chun cinn a bhíothas ag déanamh ar chur chun feidhme na ngníomhaíochtaí faoi chuimsiú chreat an Chláir Oibre Eorpaigh maidir leis an Imirce, Thascfhórsa na Meánmhara agus bhearta tacaíochta EASO don Bhulgáir, don Ghréig, don Iodáil agus don Chipir. Tugadh aird ar leith ar na nithe seo: oiliúint agus forbairt ghairmiúil, próisis cháilíochta, COI agus forbairt na tairsí COI.

Maidir le EPS, phléigh an Bord Bainistíochta cur chun feidhme Chéim II den phróiseas agus fuair sé na tuairiscí míosúla agus ráithiúla ar an tearmann. Sa deireadh, tugadh an t-eolas is deireanaí do Bhord Bainistíochta EASO ar staid reatha mheastóireacht sheachtrach EASO, rud a tugadh chun críche i mí na Nollag 2015.

## 7.2. Líonra comhair EASO

### 7.2.1. Comhar le Parlaimint na hEorpa, le Comhairle an Aontais Eorpaigh agus leis an gCoimisiún Eorpach

| Torthaí ar chomhar EASO le hinstitiúidí AE sa bhliain 2015 |
|---|
| **Cruinnithe rialta leis an gCoimisiún Eorpach** |
| **Eagraíodh cuairt ardleibhéil amháin leis an gCoimisiún Eorpach** |
| **Glacadh páirt i gcruinniú ceannairí na mBalcán Thiar agus i gCruinniú Mullaigh Vaileite** |
| **5 chomhchruinniú leis an gCoiste Teagmhála** |

Gníomhaíonn EASO de réir bheartais agus chreat institiúideach AE. Sa bhliain 2015, chuir EASO na cáipéisí seo, i measc nithe eile, chuig Parlaimint na hEorpa, chuig Comhairle AE agus chuig an gCoimisiún Eorpach: a Chlár Oibre bliantúil, a Thuarascáil Bhliantúil ar Staid an Tearmainn in AE, a Thuarascáil Bhliantúil ar Ghníomhaíochtaí agus a chuntais deiridh.

Maidir leis an gCoimisiún Eorpach, eagraíodh cruinnithe déthaobhacha agus físchomhdhálacha idir EASO agus an Coimisiún Eorpach ag leibhéil dhifriúla ar bhonn rialta.

Lean an comhar struchtúrtha leis an gCoimisiún Eorpach mar chomhalta foirmiúil de Bhord Bainistíochta EASO. Thug Dimitris Avramopoulos, an Coimisinéir Eorpach um Imirce, Gnóthaí Baile agus Saoránacht, cuairt ar EASO chun plé a dhéanamh ar ról EASO sa Chomhchóras Eorpach Tearmainn agus ar na treochtaí tearmainn is déanaí.

Rinneadh forbairt bhreise ar an gcaidreamh idir EASO agus an Ard-Stiúrthóireacht um Ghnóthaí Baile. D'oibrigh EASO go dlúth leis an Ard-Stiúrthóireacht um Ghnóthaí Baile maidir le riarachán agus le cúrsaí beartais agus oibríochta. Ina theannta sin, lean EASO d'obair go dlúth leis an gCoimisiún maidir le comhchruinnithe leis an gCoiste Teagmhála agus cruinnithe i ndiaidh a chéile a eagrú.

Anuas air sin, ghlac EASO páirt rialta i gcruinnithe de chuid Bhord Stiúrtha Ghréasán Imirce na hEorpa agus i gcruinnithe NCP agus chomhoibrigh sé ar fhoilsiú a Tuarascála Bliantúla faoi seach i réimse an staidrimh, na gluaise agus Ghrúpa Saineolaithe Fillte Ghréasán Imirce na hEorpa.

Sa bhliain 2015, mhéadaigh EASO a chomhar leis an Ard-Stiúrthóireacht um Fhorbraíocht agus um Chomhar — EuropeAid (DG Devco) agus leis an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (EEAS) chun tionscadal ENPI a chur chun feidhme agus mhéadaigh sé a comhar le Eurostat chun sonraí a bhailiú faoin tearmann. Cuireadh comhar rialta ar ghnéithe buiséid agus airgeadais agus ar acmhainní daonna chun cinn sa bhliain 2015 le hArd-Stiúrthóireacht an Bhuiséid agus leis an Ard-Stiúrthóireacht um Acmhainní Daonna faoi seach.

Maidir le Comhairle AE, ghlac EASO páirt i gCruinniú Ceannairí na mBalcán Thiar, i gCruinniú Mullaigh Vaileite, i gcruinnithe de chuid Airí na Comhairle Ceartais agus Gnóthaí Baile, i gcruinnithe an Choiste Straitéisigh um Inimirce, um Theorainneacha agus um Thearmann (SCIFA) agus i gcruinnithe de chuid meithleacha ardleibhéil.

Ghlac EASO páirt i 4 chruinniú i bParlaimint na hEorpa. Le linn na gcruinnithe sin, chuir sé bileoga faisnéise ar threochtaí agus anailís ar fáil agus chuir séan tuarascáil bhliantúil ar staid an tearmainn in AE agus an tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí EASO 2014 i láthair. Ina theannta sin, d'eagraigh EASO lá faisnéise EASO i bParlaimint na hEorpa sa Bhruiséil i mí an Mheithimh. Sholáthair sé ábhar faisnéise faoi ghníomhaíochtaí na gníomhaireachta lena linn.

### 7.2.2. Comhar le UNHCR agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta eile

| Torthaí ar chomhar EASO le UNHCR agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta eile sa bhliain 2015 |
|---|
| **Cruinniú ardleibhéil le hArdChoimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe** |
| **Cuairt ón Dr Volker Türk, an tArd-Choimisinéir Cúnta um Chosaint, UNHCR** |
| **Cuairt ón Uas. Lamberto Zannier, Ard-Rúnaí OSCE** |
| **Rannpháirtíocht rialta i gcruinnithe de chuid GDISC agus an ICG** |

Agus a chúraimí á gcomhlíonadh aige, d'oibrigh EASO i ndlúthchomhar le hArd-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe (UNHCR) agus le heagraíochtaí ábhartha idirnáisiúnta agus idir-rialtasacha eile sa bhliain 2015. Shínigh EASO agus UNHCR socrú oibre sa bhliain 2013 lenar neartaíodh comhar sna réimsí uile a chuimsítear le Rialachán EASO. Chuimsigh an comhar le UNHCR sa bhliain 2015 na réimsí seo a leanas: oiliúint, próisis cháilíochta, treochtaí agus anailís, mionaoisigh gan tionlacan, athshocrú, an ghné sheachtrach den CEAS, tacaíocht speisialta agus tacaíocht éigeandála, lenar áiríodh athlonnú as an Iodáil agus as an nGréig. Thug an Dr Volker Türk, an tArd-Choimisinéir Cúnta um Chosaint, UNHCR, príomhóráid ag comhdháil EASO i mí Mheán Fómhair agus rinne UNHCR óstáil ar chomhairliúchán lucht ardbhainistíochta amháin i mí Iúil 2015. Ghlac UNHCR páirt i mBord Bainistíochta EASO mar chomhalta gan vóta agus chomhroinn sé bileoga faisnéise. Anuas air sin, rinne buanoifig chaidrimh UNHCR le EASO, oifig atá lonnaithe i Málta, páirt ghníomhach a ghlacadh i ngníomhaíochtaí EASO ar fud na bliana. D'éascaigh sé comhar idir UNHCR agus EASO.

I mí na Samhna 2015, thug an tUas. Lamberto Zannier, Ard-Rúnaí OSCE, cuairt ar EASO. Choinnigh EASO dlúth-theagmháil freisin le heagraíochtaí ábhartha idirnáisiúnta agus idir-rialtasacha eile a bhíonn ag obair i réimse an tearmainn freisin, amhail Comhairle na hEorpa, Comhdháil Ard-Stiúrthóirí na Seirbhísí Inimirce (GDISC), na Comhairliúcháin Idir-Rialtasacha ar Imirce, Tearmann agus Dídeanaithe (IGC) agus an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce (IOM). Maidir le Comhairle na hEorpa agus leis an IOM, thug EASO faoi mhalartú tuairimí go rialta leo agus ghlac sí páirt ina gcuid oibre. I dtaca le GDISC, ghlac EASO páirt i gcruinnithe an Bhoird Stiúrtha, i gcomhdhálacha agus i gceardlanna de chuid GDISC, agus, ar bhunús malartú litreacha leis an IGC, d'fhreastail EASO go rialta ar roinnt de mheithleacha an IGC agus ghlac an stiúrthóir feidhmiúcháin páirt i mbabhta iomlán an IGC.

### 7.2.3. Comhar le gníomhaireachtaí AE agus le gníomhaireachtaí Ceartais agus Gnóthaí Baile (CGB)

| Comhar EASO le gníomhaireachtaí AE i bhfigiúirí sa bhliain 2015 |
|---|
| Ghlac sé páirt i 3 chruinniú grúpa teagmhála le gníomhaireachtaí CGB |
| Ghlac sé páirt in 2 chruinniú a eagraíodh le cinn na ngníomhaireachtaí CGB |
| Eagraíodh cruinniú do phreasoifigigh agus d'iolraitheoirí cumarsáide CGB |
| Ghlac sé páirt i gcruinnithe líonra de chuid 4 ghníomhaireacht AE |

Sa bhliain 2015, lean EASO de chomhtheagmhálacha agus de chaidreamh a bheith aige ar leibhéal déthaobhach leis na gníomhaireachtaí CGB, go háirithe trí chainéil an chomhair idirghníomhaireachta CGB. Tar éis socruithe sonracha oibre a chomhaontú le Frontex, le FRA agus le eu-LISA, cuirfear gníomhaíochtaí déthaobhacha chun feidhme mar atá mionsonraithe thíos.

Le linn na bliana 2015, choinnigh Gníomhaireachtaí CGB teagmhálacha buana foirmiúla agus neamhfhoirmiúla agus reáchtáil siad cruinnithe rialta maidir lena ngníomhaíochtaí. Chuir EASO ionchur ar fáil in ullmhú na tuarascála deiridh ar ghníomhaíochtaí comhair na nGníomhaireachtaí CGB sa bhliain 2015.

Maidir le líonra leathan na ngníomhaireachtaí díláraithe AE, ghlac EASO páirt ghníomhach le linn na bliana 2015 in 2 chruinniú do Chinn Riaracháin agus do Chinn Ghníomhaireachta agus chuir sé le comhairliúcháin agus le suirbhéanna éagsúla.

## 7.3. An Fóram Comhchomhairleach

| Comhar EASO leis an bhFóram Comhchomhairleach sa bhliain 2015 |
|---|
| Chuaigh 100 eagraíocht i ndáil chomhairle ar réimsí éagsúla d'obair EASO |
| Ghlac 60 eagraíocht páirt sa chomhdháil ar na 5 bliana a bhí EASO agus an CEAS i mbun feidhme |
| D'fhreastail 120 rannpháirtí ar an gcomhdháil inar seoladh Tuarascáil bhliantúil EASO |
| Ghlac 100 duine páirt sa 5ú cruinniú iomlánach de chuid an Fhóraim Chomhchomhairligh. |

Tugtar ag Fóram Comhchomhairleach EASO an deis faisnéis a mhalartú agus eolas a chomhthiomsú idir EASO, eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus comhlachtaí ábhartha a oibríonn i réimse an bheartais tearmainn. Bunaíodh Fóram Comhchomhairleach EASO sa bhliain 2011. Is éard atá i gceist le hobair na sochaí sibhialta i réimse an tearmainn ná roinnt mhaith eagraíochtaí gníomhacha agus ilchineálacha a imríonn ról tábhachtach sa phlé agus sa chur chun feidhme a dhéantar ar bheartas agus ar chleachtais tearmainn ag leibhéal náisiúnta agus ag leibhéal an AE agus sa chur chun feidhme féin trí thabhairt faoi ghníomhaíochtaí éagsúla. Tá ról ríthábhachtach imeartha ag roinnt eagraíochtaí i dtaca lena chothroime agus lena chruinne atá nósanna imeachta maidir leis an tearmann, go háirithe trí thacú le cásanna áirithe a thabhairt chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CJEU) agus chuig an gCúirt Eorpach um Chearta an Duine.

Sa bhliain 2015, neartaigh EASO an caidreamh atá aici leis an tsochaí shibhialta agus mhéadaigh líon na mball den Fhóram Comhchomhairleach go 80 eagraíocht. Chuaigh EASO i ndáil chomhairle le heagraíochtaí sochaí sibhialta agus thug sé páirt dóibh i réimsí éagsúla dá chuid oibre, lenar áiríodh baill den ghrúpa tagartha a ghlacann páirt san obair ar mhodúil oiliúna EASO a dhréachtú agus a nuashonrú. D'fháiltigh EASO roimh na tuairimí a thug an tsochaí shibhialta faoi Chlár Oibre EASO 2015, faoi Thuarascáil bhliantúil EASO ar staid an tearmainn in AE agus faoin Tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí. Seoladh an tuarascáil an 8 Iúil 2015 ag imeacht speisialta scaipthe agus plé sa Bhruiséil ar fhreastail líon mór eagraíochtaí sochaí sibhialta uirthi. Trí ghairm oscailte ar ionchur a foilsíodh ar shuíomh gréasáin EASO sa bhliain 2015, d'iarr an Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar bhaill den Fhóram Comhchomhairleach faisnéis a sholáthar faoin obair a rinne siad le linn na bliana agus a chuir le cur chun feidhme an CEAS, dar leo. Chuir EASO san áireamh an tionchur ábhartha ar fad a fuarthas ón tsochaí shibhialta agus léirigh sé an t-ionchur sin sna tuarascálacha.

Iarradh ar shaineolaithe ón tsochaí shibhialta páirt a ghlacadh in imeachtaí EASO ar fud na bliana. Bhí baint dhíreach ag roinnt eagraíochtaí le hobair EASO sa bhliain 2015. Is é réimse tiomnaithe den Fhóram Comhchomhairleach a éascaíonn comhairliúcháin. Foilsítear féilire comhairliúcháin ráithiúil ar shuíomh gréasáin EASO. D'fhoilsigh EASO 9 nuachtlitir sa bhliain 2015. Tugadh tuairiscí iontu ar chruinnithe agus ar cheardlanna de chuid EASO chun a chinntiú go bhfuil rochtain ag an tsochaí shibhialta ar an bhfaisnéis. Chuir EASO an cúigiú cruinniú iomlánach de chuid Fhóram Comhchomhairleach EASO ([19]) ar siúl i Vaileite an 30 Samhain 2015. Ghlac thart ar 100 ionadaí ó 45 eagraíocht páirt ann.

([19]) https://easo.europa.eu/easo-consultative-forum/registration/

## 7.4. Cumarsáid

| Príomhthorthaí EASO sa bhliain 2015 |
|---|
| **Sa bhliain 2015, mhéadaigh EASO a láithreacht sa phreas faoi thrí** |
| **Thug sí freagra ar bhreis agus 1 800 iarraidh ar fhaisnéis** |
| **Bhunaigh sé líonra iriseoirí atá ag obair ar chúrsaí tearmainn** |
| **D'eagraigh sé lá faisnéise EASO sna Ballstáit** |
| **Reáchtáil sé breis agus 100 agallamh ardleibhéil** |

Ar aon dul le Straitéis Cumarsáide EASO, tugann EASO faoi raon leathan gníomhaíochtaí cumarsáide ach úsáid a bhaint as cainéil éagsúla d'fhonn ról, luachanna, gníomhaíochtaí agus obair na Gníomhaireachta a chur chun cinn.

Beidh suíomh Gréasáin EASO ar an ngné lárnach dá hiarrachtaí cumarsáide. Áirítear le cainéil eile an preas scríofa agus closamhairc, rannpháirtíocht in imeachtaí (amhail laethanta oscailte AE, éisteachtaí poiblí agus imeachtaí eile, lena n-áirítear ócáidí atá tábhachtach ó thaobh na polaitíochta de), láithreoireachtaí agus taispeántais ar obair agus ar ghníomhaíochtaí EASO, foilseacháin agus tuarascálacha, nuachtlitir mhíosúil EASO, preaseisiúintí, agus sleachta laethúla preasa (lena n-úsáid inmheánach).

Mhéadaigh an líon amharc ar leathanaigh ar shuíomh Gréasáin EASO faoi 30 % sa bhliain 2015. Eisíodh 10 n-eagrán den nuachtlitir agus tháinig méadú 36 % ar shíntiúsóirí i gcomparáid leis an mbliain 2014.

Mhéadaigh EASO a láithreacht sa phreas faoi thrí. Eisíodh 20 preaseisiúint agus reáchtáladh breis agus 100 agallamh ó mhí Eanáir 2015 i leith. Rinne EASO faireachán ar an dóigh ar clúdaíodh í sa phreas agus d'fhoilsigh sí ar shuíomh Gréasáin EASO 42 cheann de na hailt ba thábhachtaí a bhain le gníomhaíochtaí EASO. Taifeadadh breis agus 2 000 alt ar EASO san iomlán sa chartlann preasa sa bhliain 2015.

Bunaíodh líonra iriseoirí chomh maith. Cuimsíonn sé 35 iriseoir atá sa phríomhghrúpa agus 76 iriseoir sa bhreis. Reáchtáladh cruinniú de chuid an líonra an 1 Meitheamh 2015 agus d'fhreastail 19 rannpháirtí air. Chomh maith leis sin, eagraíodh cruinniú d'iolraitheoirí cumarsáide EASO an 30 Márta 2015. D'fhreastail 18 rannpháirtí seachtracha ar an gcruinniú agus sholáthair siad smaointe agus aiseolas a cuireadh ar áireamh i ngníomhaíochtaí for-rochtana EASO.

Eagraíodh lá faisnéise sna Ballstáit an 19 Meitheamh 2015. Eagraíodh 17 ndeasc faisnéise ar fud tíortha AE+ agus thug 5 oifigeach de chuid EASO láithreoireachtaí sa Bheilg, sa Fhrainc, san Ungáir, i Málta agus sa Rómáin.

Rinne EASO bainistíocht éifeachtach ar bhosca poist faisnéise EASO agus thug sé freagra ar bhreis agus 1 000 ceist ríomhphoist. De bhreis air sin, thug EASO freagra ar gheall le 1800 ceann de cheisteanna ón bpreas agus de cheisteanna eile. Is é beartas EASO ná freagra a thabhairt ar cheisteanna ón bpreas laistigh de 48 n-uair. Tugadh freagra ar an gcuid ba mhó de cheisteanna laistigh de 24 uair.

Sa bhliain 2015, d'fhoilsigh EASO 50 foilseachán ar aon dul lena haitheantas fisiúil, lenar áiríodh cáipéisí cláir, tuarascálacha, ábhair oiliúna, lámhleabhair agus bróisiúir. Scaipeadh marsantas freisin.

Cuireadh léiriú físeáin chorparáidigh de chuid EASO ([20]) i gcrích sa bhliain 2015. Chomh maith leis sin, léiríodh físeán de chuid EASO ar an Tuarascáil Bhliantúil ar Ghníomhaíochtaí 2014.

Léiríodh 3 fhíseán ar athlonnú chun tacú le gníomhaíochtaí EASO maidir le hathlonnú. Ina theannta sin, chuir EASO tús le hobair a dhéanamh ar bhileoga faisnéise agus ar uirlisí eile cumarsáide a bhaineann le hathlonnú.

## 7.5. Bainistíocht acmhainní


Sa bhliain 2015, bhí a Stiúrthóir Feidhmiúcháin mar cheann ar struchtúr eagrúcháin inmheánach EASO. Fuair sé tacaíocht dhíreach ó Oifig Feidhmiúcháin, ó cheathrar Ceann ar na hAonaid/Lárionaid seo a leanas, agus ón Oifigeach Cuntasaíochta:

- An tAonad Gnóthaí Ginearálta agus Riaracháin (GAAU)
- An Lárionad Faisnéise, Cáipéisíochta agus Anailíse (CIDA)
- An Lárionad um Thacaíocht Oibríochta (COS)
- An Lárionad Oiliúna, Cáilíochta agus Saineolais (CTQE)

Thionóil an Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus an ceathrar Ceann Aonaid/Lárionaid Cruinniú seachtainiúil de chuid na Foirne Bainistíochta ar fud na bliana chun faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn a bhíothas ag déanamh ar ghníomhaíochtaí agus eagrú EASO agus chun gníomhaíochtaí le teacht a phlé. Cuireadh leis na cruinnithe sin le cruinnithe téamacha sinsearacha a eagraíodh ar chúrsaí príomhábhair chothrománaigh a bhain leis an eagraíocht.

Bhí 93 bhall foirne (i seirbhís agus ceaptha) ag EASO ag deireadh na bliana 2015, lenar áiríodh 61 Ghníomhaire Sealadach, 21 Ghníomhaire ar Conradh agus 11 Shaineolaí Náisiúnta ar Iasacht. Bhí 22 náisiúntacht as Ballstáit AE ag obair in EASO ag deireadh na bliana 2015. Chuir EASO 21 nós imeachta earcaíochta i gcrích.

([20]) https://www.easo.europa.eu/sites/default/files/public/videogallery/EASOFEATUREMASTERINTERNETVERSION.mp4




Mar sin féin, níor tugadh roinnt comórtas le haghaidh post a réamhbheartaíodh sa phlean bunaíochta 2015 chun críche ach i dtús na bliana dár gcionn. Sannadh 30 post nua do EASO sa bhliain 2015 (an plean bunaíochta, leasú 2): cuireadh tús le daoine a earcú chuig na poist sin sa ráithe dheiridh den bhliain.

Maidir leis an gcothromaíocht inscne i measc fhoireann EASO, mná a bhí i 63 % de na baill foirne agus fir a bhí i 37 % díobh. Toghadh Coiste Foirne EASO i mí Mheán Fómhair 2015 agus ba go rialta a rinne sé a chuid gníomhaíochtaí de réir a shainordaithe.

Tá comhaontuithe sínithe ag an nGníomhaireacht le scoileanna príobháideacha/idirnáisiúnta i Málta chun cúiteamh a dhéanamh as an bhfíric nach ann do Scoil Eorpach laistigh d’achar 50 km ó cheanncheathrú EASO. Chuige sin, ghlac an Bord Bainistíochta Cinneadh i mí na Samhna 2013 maidir le ranníocaíocht EASO le táillí scoile do leanaí atá ag freastal ar scoil phríobháideach/idirnáisiúnta i Málta agus le tacú lena n-imeascadh sa timpeallacht áitiúil. Réamhbheartaítear sa Chinneadh go soláthrófar tacaíocht leorga airgeadais do bhaill foirne a bhfuil a leanaí ag freastal ar na scoileanna sin, agus aird á tabhairt freisin ar chur chuige inbhuanaithe agus cothrom a fhorbairt idir an tacaíocht airgeadais do na táillí bliantúla scoile agus caiteachas na Gníomhaireachta.

D’eagraigh EASO roinnt imeachtaí cultúrtha agus sóisialta don fhoireann, lenar áiríodh 8 ngníomhaíocht théamacha. Ba é an aidhm a bhí leo foireann EASO a choinneáil ar an eolas faoi shaincheisteanna tábhachtacha agus a bheith mar ghníomhaíochtaí um neartú foirne.

Maidir leis an mbuiséad agus lena chur chun feidhme, b’ionann buiséad EASO sa bhliain 2015 agus thart ar EUR 15.9 milliún i leithreasuithe ceangaltais agus íocaíochta, lenar áiríodh an cistiú atá beartaithe don tionscadal ENP agus an ranníocaíocht airgeadais ón Iorua. Glacadh dhá leasú buiséid sa bhliain 2015.

D’éirigh le EASO an plean soláthar 2015 a chur chun feidhme. Thacaigh sé le 7 nglao oscailte, 8 dtairiscint faoi bhun EUR 60 000, 64 mhodh idirbheartaithe faoi bhun EUR 15 000, 7 modh idirbheartaithe eisceachtúla agus 1 ghlao ar léirithe spéise a reáchtáil.

I réimse na Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide (TFC), feabhsaíodh an bonneagar TFC chun tacú le gníomhaíochtaí oibríochta agus le gníomhaíochtaí riaracháin. Síníodh cleachtaí um Anailís ar Thionchar Gnó agus ba ag ráta 79 % a cuireadh i gcrích iad. Seoladh córas bainistíochta gan pháipéar sa bhliain agus tá sé beartaithe go dtiocfaidh sé i bhfeidhm an 1 Márta 2016. Rinneadh tuilleadh beart maidir leis an bPlean

Athshlánaithe TFC ó Thubaiste agus táthar ag súil leis go síneofar Meabhrán Tuisceana le eu-LISA i mí Eanáir 2016 le haghaidh suímh thánaistigh athshlánaithe ó thubaiste.

Ar aon dul le moltaí ón tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach (IAS) agus ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, rinne EASO a chuid rialuithe inmheánacha a chur chun feidhme agus a fhorbairt tuilleadh de réir Caighdeán Rialaithe Inmheánaigh a glacadh i mí na Samhna 2012. De bhreis ar an iniúchadh ar na cuntais bhliantúla, ba sa bhliain 2015 a sholáthair an IAS tuarascáil iniúchóireachta ar bhainistíocht oiliúna faoi chuimsiú Ghníomhaíochtaí Buana Tacaíochta Éigeandála/Speisialta EASO agus forbraíodh plean gníomhaíochta chun tabhairt faoi na moltaí a bhí sa tuarascáil.

## 7.6. Meastóireacht sheachtrach EASO

Foráiltear in Alt 46 de Rialachán EASO go ndéanfaidh EASO meastóireacht sheachtrach neamhspleách a choimisiúnú ar an méid atá bainte amach aige. Tar éis Téarmaí Tagartha an Bhoird Bhainistíochta agus an nós imeachta soláthair is infheidhme a ghlacadh, thug EASO údarás do EY (Ernst & Young roimhe sin) meastóireacht sheachtrach neamhspleách a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí EASO. Chlúdófaí an tréimhse idir mí Feabhra 2011 agus mí an Mheithimh 2014 ann. D'ainmnigh Bord Bainistíochta EASO Grúpa Stiúrtha a chuimsigh beirt chomhaltaí den Bhord Bainistíochta agus beirt bhall foirne de chuid EASO. Mar thoradh ar an gcinneadh a rinne an Grúpa Stiúrtha, fadaíodh an raon ama chun an tréimhse ar fad ón uair a chuaigh an Ghníomhaireacht i mbun oibre a chlúdach. Clúdaíodh gach ceann de na gníomhaíochtaí a chuir EASO chun feidhme ar fud na mBallstát go léir den Aontas Eorpach. Rinneadh an mheastóireacht idir mí Dheireadh Fómhair 2014 agus mí Iúil 2015.

Go háirithe, clúdaíodh na nithe seo i raon téamach na meastóireachta: breisluach AE agus éifeachtacht agus tionchar EASO maidir le cur le cur chun feidhme an Chomhchórais Eorpaigh Tearmainn (CEAS), lenar áiríodh an pacáiste reachtaíochta nua maidir leis an tearmann. Rinneadh scrúdú ar éifeachtúlacht agus ar cháilíocht na gcleachtas oibre sna chéad bhlianta oibríochtaí freisin. Ba é mórchuspóir na meastóireachta seachtraí ná moltaí nithiúla a chur ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar athruithe féideartha ar chreat dlíthiúil EASO, ar athruithe struchtúir ar EASO (gan a creat dlíthiúil a leasú) agus ar mhéadú breise ar chomhar praiticiúil i measc Ballstát, go háirithe sa réimse um oiliúint, bailiú sonraí, faisnéis faoin tír thionscnaimh agus tacaíocht oibríochta.

Rinne na meastóirí agallaimh ghrúpa le baill foirne EASO, le Comhaltaí Bhord Bainistíochta EASO agus le geallsealbhóirí AE. Ina theannta sin, críochnaíodh suirbhéanna ar líne inar díríodh ar gheallsealbhóirí náisiúnta, ar bhaiclí saineolaithe agus oiliúnóirí EASO agus ar chomhaltaí de chúirteanna agus de bhinsí. Rinneadh cás-staidéir sna 6 Bhallstát roghnaithe (an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ghréig, an Iodáil, an Pholainn agus an tSualainn) chun anailís a dhéanamh ar mhisean EASO i dtaca le riachtanais náisiúnta agus cásanna náisiúnta atá bainteach le chéile agus chun tuilleadh faisnéise a bhailiú ar ghníomhaíochtaí, ar bhreisluach agus ar thionchar EASO ag leibhéal náisiúnta.

Cuireadh cruinniú tionscnaimh ar an meastóireacht ar siúl i Málta an 20 Deireadh Fómhair 2014. Cuireadh cruinnithe teicniúla éagsúla ar siúl ina dhiaidh sin mar aon le cruinniú de chuid an ghrúpa stiúrtha ar 2 Nollaig. Chomh maith leis sin, rinne na meastóirí breathnú ar chruinnithe an Bhoird Bhainistíochta ar 1 Nollaig 2014, i mí an Mhárta 2015 agus i mí an Mheithimh 2015 agus ar chruinniú iomlánach an Fhóraim Chomhchomhairligh ar 11 agus ar 12 Nollaig. Cuireadh an tuarascáil meastóireachta deiridh faoi bhráid an Ghrúpa Stiúrtha i mí na Nollag 2015. Chuir na meastóirí seachtracha na torthaí agus na moltaí faoi bhráid Bhord Bainistíochta EASO i mí Eanáir 2016. Ag an gcruinniú sin, d'aontaigh EASO go bhforbródh sé Plean Gníomhaíochtaí a bheadh bunaithe ar na moltaí agus go dtabharfadh sí tuairisc ar staid an chuir chun feidhme don Bhord Bainistíochta ag na chéad chruinnithe eile dá cuid.

### Moltaí:

M1. Toilteanas polaitiúil a chothú le sainordú EASO a nuashonrú le go gclúdófaí topaicí ábhartha agus le go gcuirfí gach cúram breise a thagann as an gcreat dlíthiúil agus polaitiúil athraitheach ar áireamh.

M2. An bhaint atá ag an tsochaí shibhialta leis an gcéim clársceidealaithe de ghníomhaíochtaí EASO a neartú.

M3. Cumarsáid níos fearr a dhéanamh i dtaca le torthaí agus le tionchar a cuid gníomhaíochtaí.

M4. An comhordú le gníomhaireachtaí eile AE agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta eile, Gréasán Imirce na hEorpa agus UNHCR go háirithe, a shoiléiriú tuilleadh.

M5. Feabhas a chur ar an bpróiseas measúnaithe riachtanas ar Bhallstáit a iarrann tacaíocht ó EASO.

M6. Cuíchóiriú a dhéanamh ar na saineolaithe a chuirtear chuig Ballstáit d'fhonn a rannpháirtíocht a éascú.

M7. Athbhreithniú a dhéanamh ar an bpróiseas foriomlán um Fhoirne Tacaíochta Tearmainn (ASTanna) a chur ar fáil.

M8. Líon, doimhneacht agus úsáid shreafaí cumarsáide inmheánaí agus phróisis chomhordaithe EASO a mhéadú.

M9. Luas a chur faoi chur chun feidhme nósanna imeachta EASO um breithmheas feidhmíochta.

# 8. Iarscríbhinní

## 8.1. Feidhmiú buiséid agus tuarascáil airgeadais

### 8.1.1. Feidhmiú buiséid na leithreasuithe ceangaltais de réir foinse ciste

| Leithreasuithe ceangaltais | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **Teideal Buiséid** | **Foinse Ciste** | **Buiséad reatha** | **Feidhmiú reatha** | **Iarmhéid fágtha** | **Cóimheas (%)** |
| Teideal 1 | C1 | 5 891 360.00 | 5 533 270.59 | 358 089.41 | 93.92 % |
| | C4 | 481.02 | 0.00 | 481.02 | 0.00 % |
| | C5 | 338.49 | 0.00 | 338.49 | 0.00 % |
| | C8 | 217 839.83 | 157 903.58 | 59 936.25 | 72.49 % |
| | R0 | 100 000.00 | 20 000.00 | 80 000.00 | 20.00 % |
| **Iomlán Theideal 1** | | **6 210 019.34** | **5 711 174.17** | **498 845.17** | **91.97 %** |
| Teideal 2 | C1 | 3 384 833.08 | 2 917 077.57 | 467 755.51 | 86.18 % |
| | C4 | 102 748.00 | 72 551.55 | 30 196.45 | 70.61 % |
| | C8 | 608 848.44 | 553 408.61 | 55 439.83 | 90.89 % |
| | R0 | 235 349.36 | 185 965.00 | 49 384.36 | 79.02 % |
| **Iomlán Theideal 2** | | **4 331 778.88** | **3 729 002.73** | **602 776.15** | **86.08 %** |
| Teideal 3 | C1 | 6 178 000.00 | 6 036 799.46 | 141 200.54 | 97.71 % |
| | C5 | 11 476.20 | 4 164.00 | 7 312.20 | 36.28 % |
| | C8 | 2 691 892.44 | 2 488 551.14 | 203 341.30 | 92.45 % |
| | R0 | 324 024.53 | 324 024.53 | 0.00 | 100.00 % |
| **Iomlán Theideal 3** | | **9 205.393.17** | **8 853 539.13** | **351 854.04** | **96.18 %** |
| Teideal 4 | R0 | 574 302.93 | 540 873.84 | 33 429.09 | 94.18 % |
| **Iomlán Theideal 4** | | **574 302.93** | **540 873.84** | **33 429.09** | **94.18 %** |
| **Iomlán na leithreasuithe ceangaltais** | | **20 321 494.32** | **18 834 589.87** | **1 486 904.45** | **92.68 %** |

## 8.1.2. Feidhmiú buiséid na leithreasuithe íocaíochta de réir foinse ciste

| Leithreasuithe íocaíochta | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **Teideal Buiséid** | **Foinse Ciste** | **Buiséad reatha** | **Feidhmiú reatha** | **Iarmhéid fágtha** | **Cóimheas (%)** |
| Teideal 1 | C1 | 5 891 360.00 | 5 344 958.07 | 546 401.93 | 90.73 % |
| | C4 | 481.02 | 0.00 | 481.02 | 0.00 % |
| | C5 | 338.49 | 0.00 | 338.49 | 0.00 % |
| | C8 | 217 839.83 | 157 903.58 | 59 936.25 | 72.49 % |
| | R0 | 100 000.00 | 20 000.00 | 80 000.00 | 20.00 % |
| **Iomlán Theideal 1** | | **6 210 019.34** | **5 522 861.65** | **687 157.69** | **88.93 %** |
| Teideal 2 | C1 | 3 384 833.08 | 1 840 494.26 | 1 544 338.82 | 54.37 % |
| | C4 | 102 748.00 | 72 551.55 | 30 196.45 | 70.61 % |
| | C8 | 608 848.44 | 553 408.61 | 55 439.83 | 90.89 % |
| | R0 | 235 349.36 | 125 587.89 | 109 761.47 | 53.36 % |
| **Iomlán Theideal 2** | | **4 331 778.88** | **2 592 042 31** | **1 739 736.57** | **59.84 %** |
| Teideal 3 | C1 | 6 178 000.00 | 4 763 583.78 | 1 414 416.22 | 77.11 % |
| | C5 | 981.87 | 745.62 | 236.25 | 75.94 % |
| | R0 | 324 024.53 | 0.00 | 324 024.53 | 0.00 % |
| **Iomlán Theideal 3** | | **6 503 006.40** | **4 764 329.40** | **1 738 677.00** | **73.26 %** |
| Teideal 4 | R0 | 574 302.93 | 430 861.20 | 143 441.73 | 75.02 % |
| **Iomlán Theideal 4** | | **574 302.93** | **430 861.20** | **143 441.73** | **75.02 %** |
| **Iomlán na leithreasuithe íocaíochta** | | **17 619 107.55** | **13 310 094.56** | **4 309 012.99** | **75.54 %** |

## 8.2. Miondealú ar fhoireann EASO


Seo é an forbhreathnú ar fhoireann EASO amhail an 31 Nollaig 2015: 93 bhall foirne (i seirbhís agus ceaptha). Léirítear idir bhaill foirne reachtúla agus shaineolaithe náisiúnta ar iasacht. Tá sí comhdhéanta de 61 Ghníomhaire Sealadach, 21 Ghníomhaire ar Conradh agus 11 Shaineolaí Náisiúnta ar Iasacht.

### Struchtúr fhoireann EASO de réir an phlean bunaíochta 2015


| Catagóir agus grád | Arna nÚdarú faoi Bhuiséad an Aontais 2015 | | Buiséad Leasaitheach 2/2015 | | Leasú 2/2015 | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | oifigigh | gníomhairí sealadacha | oifigigh | gníomhairí sealadacha | oifigigh | gníomhairí sealadacha |
| AD 16 | | | | | | |
| AD 15 | | | | | | |
| AD 14 | | 1 | | | | 1 |
| AD 13 | | | | | | |
| AD 12 | | | | | | |
| AD 11 | | 1 | | | | 1 |
| AD 10 | | 4 | | 4 | | 8 |
| AD 9 | | 4 | | 5 | | 9 |
| AD 8 | | 8 | | 2 | | 10 |
| AD 7 | | 13 | | 15 | | 28 |
| AD 6 | | 5 | | | | 5 |
| AD 5 | | 9 | | | | 9 |
| **Iomlán AD** | | **45** | | **26** | | **71** |
| AST 11 | | | | | | |
| AST 10 | | | | | | |
| AST 9 | | | | | | |
| AST 8 | | | | | | |
| AST 7 | | | | | | |
| AST 6 | | | | | | |
| AST 5 | | | | | | |
| AST 4 | | 2 | | 4 | | 6 |
| AST 3 | | 6 | | | | 6 |
| AST 2 | | 1 | | | | 1 |
| AST 1 | | 5 | | | | 5 |
| **Iomlán AST** | | **14** | | **4** | | **18** |
| **IOMLÁN** | | **59** | | **30** | | **89** |

## Staitisticí faoi fhoireann EASO

**Iomlán na foirne de réir inscne (sonraí go dtí an 31.12.2015)**




**Cothromaíocht náisiúnta EASO**



## CONAS TEACHT AR FHOILSEACHÁIN DE CHUID AE

**Foilseacháin saor in aisce:**

- cóip amháin:
  ar láithreán gréasáin EU Bookshop (http://bookshop.europa.eu);
- níos mó ná cóip amháin nó póstaeir/léarscáileanna:
  ó ionadaíochtaí an Aontais Eorpaigh (http://ec.europa.eu/represent_ga.htm),
  ó na toscaireachtaí i dtíortha neamh-AE (http://eeas.europa.eu/delegations/index_ga.htm),
  trí theagmháil a dhéanamh leis an tseirbhís Europe Direct (http://europa.eu/europedirect/index_ga.htm)
  nó trí ghlaoch a chur ar 00 800 6 7 8 9 10 11 (uimhir shaorghlao as áit ar bith in AE) (*).

  (*) Bíonn an fhaisnéis a thugtar saor in aisce, agus formhór na nglaonna (cé go bhféadfadh roinnt oibritheoirí, boscaí gutháin nó óstáin táille a ghearradh ort).

**Foilseacháin a bhfuil praghas orthu:**

- ar láithreán gréasáin EU Bookshop (http://bookshop.europa.eu).

Oifig na bhFoilseachán